

PLEAN SEACHADTA SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2024

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Clár Ábhar

Nóta ón bPríomhfheidhmeannach	2
Réamhrá	4
Straitéis agus Cuspóirí Buiséid	5
Struchtúr na hEagraíochta	11
Acmhainní Eagraíochtúla a ceadaíodh tráth Bhuiséad 2024	12
An Stiúirthóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta	14
Stiúirthóireacht an Ionaid Náisiúnta agus Réigiúnaigh um Sheirbhísí Comhroinnte	29
An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht	39
Stiúirthóireacht Forbartha Tuaithe, Pobail agus Cultúir	48
An Stiúirthóireacht Athghiniúna Spóirt agus Áineasa	62
An Stiúirthóireacht Tithíochta	67
An Stiúirthóireacht um Iompar agus Soghluaisteacht	73
Pleanáil, Comhshaol agus Comhfhorbairt Áite	81

Nóta ón bPríomhfheidhmeannach

Leagtar amach sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil príomhchuspóirí agus tosaíochtaí na n-údarás áitiúil i leith na seirbhísí a bhfuil sé i gceist ann a sheachadadh gach bliain agus conas mar a thomhaistear na caighdeáin seachadta agus feidhmíochta a bhaintear amach.

Tá a leithéid de phlean riachtanach de réir alt 134 (a) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú. Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do 2024 atá sa doiciméad seo.

Sonraítear sa Phlean Seachadta Seirbhíse do 2024 na straitéisí ardleibhéil ó Phlean Corparáideach 2019-2024, agus forléargas á thabhairt ann ar thírdhreach buiséid na Comhairle a bhfuiltear ag súil leis don bhliain reatha.

Cuireadh san áireamh sna gníomhaíochtaí a airítear sa Phlean Seachadta Seirbhíse na tosaíochtaí a aontaíodh le linn an phróisis buiséid bhliantúil, agus beidh siad faoi réir na hionaid costais seirbhíse agus fosheirbhíse caiteachais mar a leagtar amach i mBuiséad Bliantúil 2024 iad, mar aon le Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh arna cheadú ag na Ceantair Uirbeacha agus Bhardasacha don bhliain.

Is ionann an caiteachas measta iomlán a áiríodh sa Bhuiséad Ioncaim do 2024 agus €943 milliún, méadú de €37 milliún ar an bhfigiúr a glacadh leis do 2023.

Is le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte ÍCT, a reáchtálann Luimneach ar son na 31 údarás áitiúil, atá an chuid is mó den bhuiséad €694 milliún (74%) agus an €249 milliún atá fágtha á leithdháileadh ar sheirbhísí ó lá go lá do shaoránaigh Luimnigh.

Is ionann an caiteachas measta iomlán ón mBuiséad Caipitil do 2024 agus €460 milliún, agus áireofar tithíocht, bóithre, cosaint tuilte agus forbairt gheilleagrach leis na príomhréimsí.

Is ionann an méid a leithdháileadh ar sheirbhísí ó lá go lá agus méadú de €18 milliún d'fhonn seirbhísí a choinneáil ag na leibhéil reatha agus acmhainní i bpríomhréimsí tosaíochta a fheabhsú. Trí na príomhréimsí tosaíochta sin, díreofar ar fheabhsú seirbhísí áitiúla ar mhaithe le borradh geilleagrach áitiúil a spreagadh.

Tá méadú láidir tagtha ar an éileamh do chonláistí feabhsaithe réimse phoiblí agus faoin aer le blianta beaga anuas, le hais an daonra, agus rinneadh soláthar méadaithe chun na limistéir sin a chothabháil, a bhfuil an dá thairbhe aige freagairt ar éileamh na n-áitritheoirí agus freisin tacú le gnóthaí trí líon méadaithe na gcustaiméirí sna bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae.

In 2024, leanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh den infheistíocht sa bhonneagar tuaithe agus uirbeach trí sceideal oibreacha ceantair bhardasaigh 2024 a sheachadadh faoi réir maoiniú náisiúnta a bheith ar fáil

Cuireann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh os cionn 700 seirbhís éagsúil ar fáil d'áitritheoirí, do ghnóthaí agus do chuariteoirí na cathrach agus an chontae, agus tá áit mar eagraíocht réamhghníomhach chun freastal ar mhuintir Luimnigh bainte amach aici.

Tá an Chomhairle tiomanta d'ardchaighdeáin seachadta seirbhíse a bhaint amach. Ina thaobh sin, leanfaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin feidhmíochta agus iad a athbhreithniú le PTFanna áitiúla chomh maith leis na táscairí feidhmíochta a leag an Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta síos (CNMI).

Agus athrú á bheartú maidir le rialachas an Údaráis Áitiúil seo in 2024, agus Méara Dírthofa á thabhairt isteach, cuireadh soláthar san áireamh sa bhuiséad chun cabhrú leis an Méara Dírthofa ó thaobh a gclár a chur i bhfeidhm.

Tosófar ar oibreacha láithreáin ar shuíomh Opera Square Luimneach 2030, CGA de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i mbliana, agus leanfaidh CGA Discover Limerick (Fiosraigh Luimneach) de Chaisleán cáiliúil Luimnigh a chur i láthair margadh domhanda mar chuid d'fheachtas margaíochta ginearálta "A different kind of Energy (Fuinneamh de chineál eile)".

Arís i mbliana, oibreoimid chun Comhairle Cathrach agus Contae a aithnítear a bheith uailmhianach agus nuálach a choinneáil do mhuintir Luimnigh.

Leanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, a Comhaltaí Tofa, i gcomhar le muintir Luimnigh agus a páirtithe leasmhara, dá léiriú go bhfuilimid dinimiciúil, sofhreagrúil, nuálach agus dírithe ar an duine.

In éineacht lenár gcomhghleacaithe san earnáil phoiblí agus lenár gcomhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus dheonach/pobail, cuirfimid leis an ngealltanas comhroinnte do Luimneach mar a leagadh amach i gCairt Luimnigh é agus muid ag aistriú chuig geilleagar neodrach ó thaobh carbóin agus inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de.

Dr. Pat Daly,
An Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Réamhrá

Tá an Plean Seachadta Seirbhíse bunaithe ar na Croíchuspóirí agus Straitéisí Tacaíochta, mar a leagadh amach sa Plean Corparáideach iad. Achoimrítear ann go mion na príomhghníomhaíochtaí i ngach réimse seirbhíse a bheartaítear tabhairt faoi in 2024. Saináithnítear ann freisin na caighdeáin feidhmíochta do na seirbhísí.

Tá an Plean Seachadta Seirbhíse ailínithe leis an méid seo a leanas:

- Spriocanna Straitéiseacha Corparáideacha
- Straitéis agus Cuspóirí Buiséid

Spriocanna Straitéiseacha Corparáideacha
Comhairle Cathrach agus Contae a aithnítear a bheith uailmhianach agus nuálach a choinneáil do mhuintir Luimnigh
Ár nGeilleagar a mhéadú agus deiseanna a chruthú i Luimneach
Infheistiú i mbonneagar Luimnigh, a timpeallacht nádúrtha agus thógtha agus meascán oidhreachta uathúil a chosaint
Aistriú chuig geilleagar neodrach ó thaobh carbóin agus inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de
Luimneach atá comhtháite go sóisialta, sláintiúil agus sábháilte a chur chun cinn
Dul i dteagmháil go gníomhach lenár bpobail
Obair lenár gcomhghleacaithe ar fud na earnála poiblí agus lenár gcomhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus dheonach/pobail chun cur leis an ngealltanas comhroinnte do Luimneach mar a leagadh amach i gCairt Luimnigh é
Bheith éifeachtach agus tiomanta ó thaobh seirbhísí a sholáthar trína dtacófar le Luimneach nuálach

Straitéis agus Cuspóirí Buiséid

Leagtar amach príomhchuspóirí Bhuiséad 2024 thíos:

1. Tithíocht & Athghiniúint

- Acmhainní breise don bhuiséad cothabhála chun éilimh leanúnacha ár stoic tithíochta sóisialta a shásamh
- Leanúint lenár gclár cothabhála pleanáilte chun foinsí breise maoinithe a ghíaráil
- Acmhainní i mBainistíocht Eastáit agus Forfheidhmiú Tionóntachta (A04) a choinneáil
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt don Chlár Athghiniúna (Fisiciúil, Sóisialta & Geilleagrach)
- Deontais Oiriúnaithe Tithíochta a uasmhéadú
- Acmhainní breise le haghaidh na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean
- Spriocanna 2024 a sheachadadh ar fud na 4 chonair laistigh de phlean ‘Tithíocht do Chách’
 - Conair 1: Tacú le húinéireacht tí agus Inacmhainneacht a Mhéadú
 - Conair 2: Deireadh a chur le fadhb na hEaspa Dídine, Seachadadh Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus ag Tacú le hIonchuimsiú Sóisialta
 - Conair 3: Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú
 - Conair 4: Aghaidh a thabhairt ar Thithe Folmha agus Úsáid Éifeachtach Stoc Reatha

2. Spórt & Áineas

- Glacadh le Straitéis Spóirt agus Áineasa do Luimneach i gcomhar le Spórt Éireann.
- Acmhainní a chur ar fáil do na príomháiseanna Spóirt agus Áineasa faoi threoir na Comhairle atá againn agus iad a chothabháil agus cistiú meaitseála a ghíaráil d’oibreacha caipitiúla riachtanacha.
 - Oibríteoir do Linnte Snámha agus Ionaid Fóillíochta Oileán an Gharráin agus Eas Géitine a shocrú
 - Oibreacha caipitiúla éifeachtúlachta fuinnimh agus gléasra a chur i gcrích d’fhonn ligean do Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine oscailt go luath in 2024
 - Tacaíocht leanúnach do Chumann Gailf na Rátha Báine
 - Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach an Chaisleáin Nua a réachtáil agus a chothabháil ag ardchaighdeán
- Áiseanna áitiúla eile níos lú a fhorbairt de réir mar is gá agus ag brath ar acmhainní
- Tacú le páirtithe leasmhara eile chun a n-áiseanna siúd a fheabhsú

3. Comhshaol & Athrú Aeráide

- Timpeallacht nádúrtha agus thógtha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chosaint lena n-áirítear cur chun cinn chlár MBRTD i gcomhar le OOP.
- Leanúint d’obair i dtreo ár spriocanna athraithe aeráide 2030 agus cuspóirí na Creat-Treorach Uisce agus an phlean um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

4. Pleanáil & Comhfhorbairt Áite

- Díriú méadaithe ar Chomhfhorbairt Áite a chinntiú i seachadadh an Chláir Chaipitiúil

- An tionscnamh ríomhpleanála a sheachadadh agus, dá réir sin, an teagmháil le hiarratasóirí agus leis an bpobal a fheabhsú tríd an bpróiseas pleanála

5. Forbairt Tuaithe agus Pobail

- An beartas Lár Bailte ar dTús a sheachadadh a bhfuil sé mar sprioc aige láir bhaile a chruthú a fheidhmíonn mar shuíomhanna inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine chun cónaí agus obair iontu agus cuairt a thabhairt orthu, agus iad ag feidhmiú mar mhoil seirbhíse, shóisialta, chultúrtha agus áineasa don phobal áitiúil.
- Athbheochan ár limistéar uirbeach agus ár sráidbhailte trí dhíriú níos láidre ar dhul i ngleic le dearóiliú, folúntais agus feabhsuithe réimse phoiblí a sheachadadh. Scéim Croí Cónaithe a éascú
- Tacaíochtaí Forbartha Pobail
- Dul i dteagmháil le pobail faoi scéimeanna deontais agus bearta tacaíochta eile faoi threoir na Comhairle agus comhairle a thabhairt dóibh lena n-áirítear:
 - Tacaíocht do Theifigh ón Úcráin
 - Obair an CFPÁ a éascú
 - Uasleibhéal maoinithe a chinntiú trí ghlaonna maoinithe náisiúnta
 - Leanúint lenár gclár tacaíochtaí do phobail s’againne agus é a fheabhsú nuair is féidir

6. Forbairt Chultúrtha

- Clár cultúrtha agus ealaíon a sheachadadh ar mhaithe le Saoránaigh Luimnigh agus cuairteoirí ar ár gCathair agus ár gContae
- Tacú leis an ról atá ag ár leabharlanna, ár ndánlann & ár músaem ó thaobh caighdeán beatha ár saoránach a fheabhsú.

7. Forbairt Turasóireachta:

- Cur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh agus Straitéis Cathrach Tairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin a chur chun cinn. Díriú freisin ar acmhainní a chur ar fáil agus cistiú meaitseála a ghíaráil roimh mhórimeachtaí a óstáil.
- Tacú le CGA Discover Limerick (Fiosraigh Luimneach), fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun príomhshaoráidí turasóireachta i Luimneach a reáchtáil agus a fhorbairt lena n-áirítear Caisleán Luimnigh, Loch Goir agus Ionad Oidhreachta Áth Dara.
- Tacaíocht fheabhsaithe do na féilte agus imeachtaí príomha a bhíonn againn.
- Leanúint le margú agus cothabháil na 40 km de Ghlasbhealach Luimnigh, ó Ráth Caola go dtí teorainneacha Chiarraí, atá go mór chun sochar geilleagrach do Luimneach.

8. Forbairt Gheilleagrach

- Clár tacaíochtaí na hOifige Fiontair Áitiúil a sheachadadh chomh maith le tionscnaimh Chomhairle eile chun tacú le hearnáil FBM

- Leanúint le fás geilleagrach a chumasú sa Chathair agus sa Chontae
- Is den bhunriachtanas é réimse poiblí Láir Cathrach a choinneáil glan agus sábháilte chun timpeallacht uirbeach dhearfach a chruthú agus gníomhaíocht gheilleagrach a chur chun cinn d'áitritheoirí, do chuairoteoirí agus do ghnóthaí.
- Athbheochan geilleagrach Lár na Cathrach agus bailte s'againne agus leanúint le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim san earnáil miondíola.
- Straitéis dhigiteach a stiúradh trína leagfar an bhunsraith do 'Réigiún Luimnigh Cliste & Níos Glaise'.
- Leanúint le Branda Luimnigh agus Luimneach mar cheann scríbe d'infheistíocht, do shóisialú, d'obair agus chun cónaí ann a chur chun cinn agus a fhorbairt.

9. Iompar & Soghluaisteacht

- Leanúint den infheistíocht sa bhonneagar tuaithe agus uirbeach trí sceideal oibreacha ceantair bhardsaigh 2024 a sheachadadh faoi réir maoiniú náisiúnta a bheith ar fáil
- Príomhthionscadail bhonneagair a chur chun cinn chun fuinneamh a chur faoin bhfás geilleagrach i Luimneach agus san Iarthar Láir.
- Seachadadh na dtionscadal taistil inbhuanaithe agus gníomhach a sainaithníodh sa Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair

10. Seirbhísí Údaráis Áitiúil Líne Tosaigh

- Leanúint le príomhsheirbhísí líne tosaigh a sheachadadh agus ár gcumas a choinneáil chun freagairt ar imeachtaí gan choinne amhail an fhreagairt do Theifigh ón Úcráin agus adhairsir.

11. Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT:

- Spriocanna 2024 atá leagtha síos don tseirbhís chomhroinnte ÍCT a sheachadadh.

12. Méara Dírthofa (MDT) a bhfuil cumhachtaí Feidhmiúcháin acu

- Tacú leis an MDT agus le cur i bhfeidhm an chláir.

13. Leanúint le héifeachtúlachtaí a lorg ó thaobh soláthar seirbhísí, laghdú costas agus luach ar airgead


Anailís ar Riachtanais Chaiteachas 2024

Is ionann an caiteachas measta iomlán a áiríodh sa Bhuiséad do 2024 agus €942.79 milliún, méadú de €37.71 milliún ar an bhfigiúr a glacadh leis do 2023. Is ionann an gníomhaíocht mhéadaithe san Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT agus tromlach an mhéadaithe sin. Toisc go meaitseáiltear an caiteachas sin le hioncam comhfhreagrach, níl aon ghlanéifeacht aige ar na Soláthairtí Buiséid. Léirítear caiteachas Ioncaim de réir Rannán i dTábla 2 seo a leanas.

Rannán	Buiséad 2024	Buiséad Glactha 2023
A - Tithíocht & Tógáil	€67,606,276	€59,374,462
A - Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT	€693,706,315	€674,099,218
B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	€52,652,751	€48,472,220
C - Seirbhísí Uisce	€16,962,684	€16,427,716
D - Bainistíocht Forbartha	€29,962,342	€29,844,880
E - Seirbhísí Comhshaoil	€46,475,355	€41,034,879
F - Áineas & Conláistí	€18,087,985	€16,402,873
G - Talmh, Oid, Sláinte & Leas	€1,279,013	€1,311,337
H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	€16,056,951	€18,652,859
	€942,789,672	€905,620,444


Tábla 2: Anailís ar Chaiteachas de réir Rannán

Tugtar miondealú ar an gcaiteachas de réir gach rannáin sa chart seo a leanas.



Cairt 1: Anailís ar roinnt an Chaiteachais (seachas ÍCT) de réir Rannáin

Léirítear an caiteachas measta do Bhuiséad 2024 do gach Rannán sa bharrachairt seo a leanas ina bhfuil figiúirí comparáideacha do 2023:



Cairt 2: Anailís ar Chaiteachas (seachas ÍCT) de réir Rannáin - Buiséad 2024 i gcomparáid le Buiséad 2023


Anailís ar Ioncam 2024

Maoineofar an leibhéal caiteachais a léirítear thuas, ar €942.79 milliún, ó na foinsí seo a leanas:

Foinse	Méid
1. Cáin Mhaoine Áitiúil	€21,329,589
2. Rátaí Tráchtála	€64,181,299
3. Deontais & Fóirdheontais (gan ÍCT a áireamh)	€104,799,070
4. Earraí & Seirbhísí (gan ÍCT a áireamh)	€58,696,229
Fo-lomlán Ioncaim (gan ÍCT a áireamh)	€249,006,187
1. Cíos Difreálach ÍCT	€161,503,409
2. Fóirdheontas ÍCT ón RTRÁO	€532,280,076
Fo-lomlán ÍCT	€693,783,485
lomlán (ÍCT san áireamh)	€942,789,672

Tábla 3: Anailís ar Ioncam Bhuiséad 2024

Cuirtear chun suntais sa Phíchart seo a leanas an roinnt % de réir catagóir ioncaim gan ÍCT a áireamh.



Cairt 3: Anailís ar Ioncam Bhuiséad 2024 (gan ÍCT a áireamh)

Gintear 58% d'ioncam na Comhairle (gan ÍCT a áireamh) go háitiúil ó Rátaí Tráchtála (26%), CMÁ (9%) agus Earraí & Seirbhísí (24%).

Struchtúr na hEagraíochta



An Príomhfheidhmeannach



Seirbhísí Tacaíochta

- Airgeadas
- TFC
- AD & Feabhsú Gnó
- Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais & Custaiméara
- Margaíocht & Cumarsáid
- CNSC/ICRM
- Foirgnimh agus Eastáit Chorparáideacha

ISC Náisiúnta agus Réigiúnach

- ISC Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta
- Bainistíocht Dramhaíl Réigiún an Deiscirt
- Dóiteáin & Éigeandálaí
- Seirbhísí Uisce
- Freagairt Lóistín d'Úcránaigh
- Ceantar Uirbeach

Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht

- Trádáil & Infheistíocht
- Seirbhísí Digiteacha
- Oifig Fiontair Áitiúil Luimnigh
- Corn Ryder 2027
- Plean Fiontair Réigiúnach
- Turasóireacht
- CGA Luimneach a Nuáil
- CGA Fiosraigh Luimneach

Forbairt Tuaithe, Pobail agus Cultúir

- Forbairt Tuaithe
- Cultúr
- Forbairtí Pobail
- Bainistíocht Maoine

Athghiniúint, Spóirt agus Áineas

- Athghiniúint & Spóirt
- Linn Snámha agus Fóillíocht Eas Géitine Teo

Tithíocht

- Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta
- Leas Tithíochta & Cóiríocht do Thaistealaithe
- Tógáil & Cothabháil Tithíochta ÚÁ
- Straitéis & Tógáil Tithíochta Neamh-ÚÁ

Iompar & Soghluaisteacht

- Straitéis Taistil & Iompair
- Taisteal Gníomhach
- Bóithre, Trácht & Glantachán
- Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta

Pleanáil, Comhshaol & Comhforbairt Áite

- Pleanáil ar Aghaidh & Ríocht Phoiblí
- Bainistíocht Forbartha & Comhforbairt Áite
- Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide
- MBRTD
- CGA Luimneach 2030

Acmhainní Eagraíochtúla a ceadaíodh tráth Bhuiséad 2024

Leagtar amach cuspóirí sa Phlean Seachadta Seirbhíse bunaithe ar an mBuiséad a cheadaigh na Comhaltaí Tofa. Ina thaobh sin, soláthraítear i mBuiséad 2024 na Comhairle caiteachas iomlán de €942,789 milliún i dtaca le seirbhísí ó lá go lá. Soláthraítear sa Bhuiséad bliantúil do sheirbhísí, agus leagtar amach é de réir na bPríomhrannán Seirbhíse –

Rannán	Rannán Seirbhíse	Caiteachas Iomlán	% den Bhuiséad
A	Tithíocht agus Foirgníocht	€67,606,276	7.2%
B	Ionad Seirbhíse Comhroinnte ÍCT	€693,706,315	73.6%
C	Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	€52,652,751	5.6%
D	Seirbhísí Uisce	€16,962,684	1.8%
E	Bainistíocht Forbartha	€29,962,342	3.2%
F	Seirbhísí Comhshaoil	€46,475,355	4.9%
G	Áineas agus Conláistí	€18,087,985	1.9%
H	Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	€1,279,013	0.1%
I	Seirbhísí Ilghnéitheacha	€16,056,951	1.7%
Iomlán		€942,789,672	100%

Is mar seo a leanas na hacmhainní foirne atá ar fáil don Chomhairle ag Nollaig 2023 –

Catagóir Fostaí	Iomlán
Bainistíocht	9
Cléireachas/Riarachán	600
Gairmiúil/Teicniúil	262
Allamuigh	424
Comhraiceoirí Dóiteáin Lánaimseartha/ar Áirithíocht	57
Móriomlán *Ní áirítear leis 49 ball foirne sealadach/neamh-DOE/ breise	1352

Leagfar amach sa Phlean Seachadta Seirbhíse anois an plean seirbhíse de réir Stiúirthóireachta bunaithe ar an mBuiséad ceadaithe.

An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta

Tá an Stiúrthóireacht sin freagrach as cabhrú leis an eagraíocht agus tacú léi chun a cuid dualgas a chomhlíonadh. Tá na ranna seo a leanas inti: Roinn Seirbhísí Airgeadais, Roinn Seirbhísí TFC, Roinn Acmhainní Daonna & Feabhsaithe Gnó, Seirbhísí Corparáideacha, Roinn Rialachais & Seirbhísí Custaiméara, Roinn Margaíochta & Cumarsáide, Foirgnimh & Eastáit Chorparáideacha, agus CNSC/ICRM (Córas Náisiúnta Slógtha agus Cumarsáide/Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan).

Tá Seirbhísí Airgeadais freagrach as raon seirbhísí lena n-áirítear seirbhísí díreacha don phobal agus bainistíocht airgeadais inmheánach laistigh den Chomhairle. Áirítear leo siúd Cuntais Iníochta, Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (ÁCPN), Agresso (Córas Bainistíochta Airgeadais Comhairle), Tacaíocht Agresso, Billeálacha Ilghnéitheacha agus CBL, Buiséad, Ráiteas Airgeadais Bliantúil, Cuntais Infhála, Mótarcháin, Bailiúchán Iasachtaí Tí, Bainistíocht Cuntas Caipitil, Fíneálacha Tráchtá, Sócmhainní Seasta/Bainistíocht Cisteáin.

Is príomhsheirbhís inmheánach iad seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Chumarsáide (TFC) don Chomhairle tríd a soláthraítear an bonneagar ar a n-óstáiltear córais uile Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh, lena n-áirítear stóráil comhad, Cibearshlándaíl, ríomhphost, cumarsáid, athshlánú ó thubaiste, Foireann Feidhmchlár Táirgiúlachta Oifige, agus Deasc Freastail TFC óna dtacaítear le Comhaltaí agus Foireann uile Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Tá Acmhainní Daonna freagrach as raon seirbhísí tacaíochta do bhainistíocht agus foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Áirítear leo sin, earcaíocht agus sannadh foirne a bhfuil scileanna iomchuí acu, ullmhúchán párolla don phróiseáil lárnach in MyPay i bPort Laoise, riarachán uile-Chorparáide ama agus tinrimh, soláthar agus riarachán an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) lena n-áirítear oiliúint agus seirbhísí forbartha, riarachán pinsean, soghluaiseacht fostaithe, caidreamh idir fostóir agus fostaithe, tacaíochtaí folláine agus cúnamh bainistíochta acmhainní daonna. Déanann an tAonad Feabhsaithe Gnó, Cartlainne & LITe maoirseacht ar gach mórthionscadal feabhsaithe gnó ar fud na heagraíochta, tacaíonn sé le ranna chun a bhfeabhsuithe gnó féin a dhéanamh d'fhonn éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach, agus soláthraíonn sé bainistíocht faisnéise do thairfid agus cartlanna.

Soláthraíonn Seirbhísí Corparáideacha raon seirbhísí tacaíochta don bhainistíocht, don fhoireann agus do Chomhaltaí Tofa lena n-áirítear Riarachán Cruinnithe do gach Coiste Comhairle, Cathartha agus Comhphóilíneachta. Tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach freisin as Sláinte agus Sábháilteacht, Clár na dToghthóirí agus riaradh toghchán áitiúil. Áirítear le ról rialachais Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin don choiste iniúchta inmheánach, Cosaint Sonraí, comhordú na n-oibleagáidí faoi Dhualgais na hEarnála Poiblí, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú) agus comhordú Cuideachtaí Comhlachaithe. Soláthraíonn Seirbhísí Corparáideacha riarachán iomlán d'Oifig an Mhéara agus do na Comhaltaí Tofa.

Déanann an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta monatóireacht agus comhordú ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle d'fhonn fáil réidh leis na rioscaí d'fhostaithe, do chonraitheoirí, do chuariteoirí agus do dhaoine den phobal, nó iad a laghdú, a mhéad is féidir go réasúnta agus go praiticiúil. Tá sí tiomanta d'fheabhsú leanúnach an chórais bainistíochta sábháilteachta ar mhaithe le comhlíonadh dlí agus cultúr sábháilteachta dearfach a chinntiú. Faoi láthair, tá an roinn ag obair i dtreo chaighdeán [ISO](#) do chórais bhainistíochta [sábháilteachta agus Sláinte cheirde](#) (ISO 45001) a bhaint amach.

Is iad Seirbhísí Custaiméara an chéad phointe teagmhála do shaoránaigh agus custaiméirí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus is iad atá freagrach as sársheirbhís agus sáreispéireas do chustaiméirí a sheachadadh ar fud sheirbhísí na Comhairle. Tá siad freagrach freisin as ardán sonraí custaiméara agus teicneolaíochta na Comhairle – Sugar CRM a bhainistiú. Soláthraíonn Seirbhísí Custaiméara tacaíocht agus faisnéis do chustaiméirí agus d'ionadaithe poiblí trí na príomhbhealaí Comhairle seo a leanas lena n-áirítear; ionad glaonna, ríomhphost, cuntar tosaigh lenár n-áirítear íocaíochtaí, tacaíocht meán sóisialta agus bainistíocht ar fheidhm an phoist. Bainistiú an roinn chomh maith, iarratais seirbhíse ó ionadaithe poiblí agus custaiméirí trí ardán My Limerick ar an láithreán gréasáin www.limerick.ie. Déanann an Roinn Seirbhísí Custaiméara seirbhísí éagsúla eile freisin ar son na hEagraíochta chun éifeachtúlacht do chustaiméirí a chinntiú trí na seirbhísí sin a sheachadadh ag an gcéad phointe teagmhála don chustaiméir.

Tá an Roinn Margaíochta agus Cumarsáide freagrach as branda Luimnigh a fhorbairt, cur le próifíl Luimnigh agus an chathair agus an contae a mhargú agus a chur chun cinn ar fud raon earnálacha mar atá, turasóireacht, maireachtáil agus athlonnú, infheistíocht agus oideachas.

Tá sí freagrach freisin as feacht phoiblí a mhéadú maidir le ról agus ionchur Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar cheannaire pobail agus soláthróir seirbhísí riachtanacha, bainistiú an fheidhm Chumarsáide gach cumarsáid inmheánach agus sheachtrach: lena n-áirítear na meáin agus caidreamh poiblí; na meáin shóisialta; bainistiú clú agus cumarsáid ghéarchéime.

Ar an 1^ú Lúnasa, bunaíodh roinn nua darb ainm “Foirgnimh & Eastáit Chorporáideacha”. Tá dhá rannán éagsúla sa roinn mar seo a leanas:

- 1) Tionscadail Chaipitiúla Chorporáideacha; agus
- 2) Bainistíocht Áiseanna.

Díríonn an Fhoireann Tionscadal Caipitiúil Corparáideach ar sheachadadh oibreacha caipitiúla d'fhonn foirgnimh a fheabhsú don saoránach agus d'fhoireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Díreofar tríd an uasghrádú ar ár bhfoirgneamh freisin ar na dúshláin a bhaineann le hAthrú Aeráide.

Bainistiú an Fhoireann Bainistíochta Áiseanna punann Foirgneamh Corparáideach na bhfoirgneamh seo a leanas:

- 1) Ceanncheathrú Chorporáideach, Cé na gCeannaithe;
- 2) Oifigí na Cathrach, Tuar an Daill;
- 3) Teach Lios an Fháltaigh, Tuar an Daill;
- 4) Teach na Bearú, Sráid Mhichíl;

- 5) Teach Carlton, Sráid Anraí;
- 6) Músaem Luimnigh, Sráid Anraí;
- 7) Oifig Athghiniúint Luimnigh Taobh ó Dheas, Baile an Róistigh: agus
- 8) An Ghráinseach, Sráid Mhichíl.

Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh -

Leagtar amach Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh atá mar threoir ag leagan síos na Spriocanna Príomhsheirbhíse don Stiúrtóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta thíos:-

Cur Síos ar Straitéis Tacaíochta	Sprioc Straitéiseach Chorporáideach
Luimneach a chur chun cinn mar thiománaí an Iarthair Láir trí bhunathrú dearfach agus rannpháirtíocht saoránach nuálach.	Sprioc 1
An t-aistriú chuig Méara Dírthofa a sheachadadh, rud a chuirfidh Luimneach chun tosaigh maidir le hathchóiriú agus nuálaíocht Rialtais Áitiúil.	Sprioc 1
Comhroinnt saineolais agus faisnéise níos mó a fhorbairt le bheith níos dírithe ar thorthaí sochaíocha atá dírithe ar an saoránach.	Sprioc 7
Bheith mar eagraíocht lúfar, éifeachtach a bheidh dírithe ar an saoránach trí pholasaithe, próisis agus córais.	Sprioc 8
Bóithre agus sráideanna, Tithíocht, Fóillíocht agus Conláistí, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála (lena n-áirítear Cosaint Shibhialta, Bainistíocht Móréigeandála agus Sábháilteacht Uisce), Seirbhísí Comhshaoil agus Tréidliachta agus feidhmeanna reachtúla eile a bhainistiú agus a chothabháil chun leasa ár saoránach.	Sprioc 8
Cláir forbartha ghairmbhunaithe a chur i bhfeidhm dár bhfoireann ionas go mbeidh na scileanna, taithí agus acmhainn riachtanach acu chun tabhairt faoi dhúshlán chur i bhfeidhm an phlean sin.	Sprioc 8
Tomhais feidhmíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú atá socraithe ag spriocanna sonracha don phobal.	Sprioc 8
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas gach fostaí nó aon duine a bhféadfadh ár ngníomhaíochtaí oibre dul i gcion orthu a chosaint an oiread agus is indéanta le réasún.	Sprioc 8

Bealaí nua oibre a nuáil agus glacadh leo lena n-áirítear méadú Seirbhísí Custaiméara chun an rochtain ar sheirbhísí na Comhairle a éascú agus chun go mbeadh sí níos cost-éifeachtúla agus seirbhís do chustaiméirí agus taithí d'ardchaighdeán á soláthar.	Sprioc 8
--	----------

Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2024 d'fhonn na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

Seirbhís phríomha/ Buiséid	Sainmhíniú Seirbhíse	Iomlán €
A01	Cothabháil/Feabhsú ar Aonaid Tithíochta ÚÁ	1,112
A06	Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta.	504,552
A08	Iasachtaí Tithíochta	938,747
A11	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh	4,000
B05	Soilsiú Poiblí	821,035
C01	Soláthar Uisce	45,000
C02	Cóireáil Fuíolluisce	30,000
D05	Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta	987,520
D09	Forbairt agus Cur chun Cinn Eacnamaíoch	2,178,250
D10	Bainistíocht Maoine	409,646
E01	Feidhmiú agus Iarchúram Líonta Talún	143,061
E10	Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna	85,196
E11	Feidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin	391,992
E14	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh	4,682,335
F02	Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne	224,870

F05	Reáchtáil Chlár na nEalaíon	65,000
H01	Cuntas Brabúis/Caillteanais um Innealra	149,922
H02	Cuntas Brabúis/Caillteanais um Stórais	28,346
H03	Riar Rátaí	5,397,858
H04	Costais Saintheadúnais	128,935
H05	Oibriú Speansais Marbhlainne agus Cróinéara	427,074
H09	Ionadaíocht Áitiúil/Ceannaireacht Chathrach	2,131,554
H10	Mótarchánachas	621,585
H11	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh	743,055
J01	Costais tógála chorparáideacha	4,987,567
J02	Seirbhísí corparáideacha ginearálta	5,314,329
J03	Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide	2,804,774
J04	Seirbhísí priontála/seomra poist	226,696
J05	Feidhm acmhainní daonna	3,334,189
J06	Feidhm airgeadais	1,835,338
J07	Costais Pinsean agus Cnapshuimeanna	18,157,298
J08	Oifigí Ceantair	177,230
Iomlán		57,978,065

Cuspóirí Príomhsheirbhíse -

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí seachadta seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sheachadfar le linn 2024:-

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Riarachán do Chomhaltaí Tofa agus do Chruinnithe.	Leanúint le ról daonlathach na gComhaltaí Tofa a fhorbairt agus tacú leis chun cur ar a gcumas a ndualgais mar ionadaithe tofa a chomhlíonadh. Oifig an Mhéara a chothabháil.	Cruinnithe a ndearna freastal orthu, gnó Cláir Oibre déanta, gníomhartha leantacha curtha i gcrích. Ceanglais reachtaíochta a gcloíodh leo. Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh agus do Chathaoirleach an Cheantair Uirbigh.
Rialachas Corparáideach	Cloí le ceanglais reachtaíochta agus dea-chleachtas ó thaobh Rialachas Corparáideach de.	Na cuspóirí a leagadh amach in Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) a bhaint amach lena n-áirítear an méid seo a leanas a ullmhú: <ul style="list-style-type: none"> • Plean Corparáideach • Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh • Tuarascáil Bhliantúil • Coiste Iniúcháireachta • Iniúcháireacht Inmheánach • Bainistíocht Riosca • Cuideachtaí Comhlachaithe • Táscairí Feidhmíochta • Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn • Clár Eitice • Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil
Bainistíocht Toghcháin	Córas nua Chlár na dToghthóirí leanúnach a chur i bhfeidhm agus Toghcháin Áitiúla a bhainistiú i gcomhréir leis na ceanglais reachtaíochta.	Leaganacha nuashonraithe den Chlár a fhoilsiú go rialta ar bhonn leanúnach de réir mar is gá. Aistriú go dtí clár toghthóirí rollach ar líne. Reáchtáil agus bainistiú Toghchán Áitiúil de réir mar is gá.

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Imeachtaí Corparáideacha agus Cathartha	Gach fáiltiú Cathartha agus Méarachta a eagrú de réir mar a iarrtar.	Fáiltithe Cathartha agus Méarachta agus Bál Bliantúil an Mhéara a eagrú agus a bhainistiú.
Bainistíocht Faisnéise	Comhlíonadh le ceanglais reachtaíochta a chinntiú ó thaobh iarratais Saorála Faisnéise (SF), Ombudóra agus Rochtana ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) de.	Freagairt d'aon iarratais Saorála Faisnéise (SF), Rochtana ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) agus Ombudóra gan mhoill. Achomhairc a athbhreithniú laistigh de na spriocanna reachtúla.
Cosaint Sonraí	Cloí le ceanglais reachtúla ó thaobh RGCS agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 de.	<p>Bearta a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cosanta sonraí ar fud na heagraíochta.</p> <p>Oiliúint agus treoir leanúnach a sholáthar.</p> <p>An Coiste Monatóireachta Sonraí agus na fochoistí a bhaineann leis i.e., an Bord Maoirseachta TCI a Chomhordú.</p> <p>Leanúint le tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Alt 40 den Acht um Chosaint Sonraí maidir le prótacal na gComhaltaí Tofa.</p> <p>A chinntiú go bhfuil Comhaontuithe Seirbhíse, MTCSanna, Comhaontuithe Próiseálaí Sonraí agus beartais CS i bhfeidhm.</p> <p>De bhreis ar Iniúchóireacht CCS, leanfaidh an tAonad Um Chosaint Sonraí le tacú leis an gComhairle chun a cuid oibleagáidí reachtúla maidir le TCI agus teicneolaíochtaí faireachais eile a chomhlíonadh, chomh maith le reachtaíocht nua a ionchorprú mar An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 agus achtú an Bhille Um Thrácht Ar Bhóithre agus um Bóithre, 2021 amach anseo.</p> <p>An fhreagairt ar Iarratais Duine ar a</p>

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Soláthar	<p>Dea-chleachtas agus luach ar airgead a bhaint amach i soláthar i gcomhréir le Treoracha, Reachtaíocht Agus Beartais Eorpacha, Náisiúnta Agus Áitiúla. Soláthar Poiblí Glas (SPG) a chur chun cinn laistigh den Chomhairle.</p>	<p>Tuarascálacha míosúla curtha faoi bhráid na foirne bainistíochta ar chéatadán an chomhlíonta/neamhchomhlíonta i gcoinne caiteachais.</p> <p>Sonraí Cóid Caiteachais Phoiblí uaslódáilte ar an suíomh gréasáin (más infheidhme).</p> <p>Rianaire Caiteachais OSR – úsáid Creataí Náisiúnta le tiomsú do Thuarascáil Bhliantúil OSR.</p> <p>Athbhreithniú leanúnach ar thagairtí soláthair atá á n-úsáid ar Agresso.</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh SPG i gcomhréir le treoir/teimpléid GBRÁ/OSR.</p> <p>Gach faisnéis soláthair a chur in iúl agus í a bheith ar fáil ar an inlín.</p> <p>Leanúint ar aghaidh le forbairt an Aonaid Maoirseachta Foréileamh nuabhunaithe chun comhlíonadh beartais soláthair a fheabhsú agus cur chuige comhsheasmhach a chinntiú ar fud na heagraíochta.</p> <p>Clár conarthaí a fhorbairt chun maoirseacht bhreise a sholáthar.</p>
Bainistíocht Eastáit Agus Áiseanna Foirgneamh Corparáideach	<p>Comhlíonadh na gCaighdeán Sábháilteachta Foirgníochta agus Soláthar Cóiríochta Oifige Corparáidí Atá Oiriúnach Don Fheidhm.</p>	<p>Bainistiú a dhéanamh ar an gconradh ilbhliantúil chun cothabháil agus deisiúcháin reachtúla a dhéanamh ar Fhoirgnimh Chorparáideacha.</p> <p>Córas CAFM a sholáthar don fhoireann chun saincheisteanna tógála a thuairisciú.</p> <p>Leanúint d’Fhoirgnimh Chorparáideacha a choinneáil sábháilte, glan agus i riocht maith.</p> <p>Bainistiú a dhéanamh ar laghdú ar úsáid Fuinnimh Foirgneamh Corparáideach chun spriocanna Gníomhaíochta Aeráide a bhaint amach agus athchúrsáil dramhaíola a fheabhsú agus diúscairt dramhaíola a laghdú.</p>

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
		<p>Oibreacha athmhúnlaithe oifige bige agus uasghrádaithe seirbhísí foirgníochta a sheachadadh.</p> <p>Aistriú oifige a bhainistiú nuair is gá.</p> <p>Bainistiú a dhéanamh ar eisiúint rialuithe rochtana foirgnimh agus carrchlóis don fhoireann.</p> <p>Oibreacha suntasacha riachtanacha um shábháilteacht foirgneamh agus uasghrádú fuinnimh a sheachadadh i bhfoirgnimh Chorparáideacha.</p>
Luach Ar Airgead	Luach ar airgead a sholáthar ar fud na heagraíochta.	Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) a aithint chun feidhmíocht a fheabhsú.
Buiséad Bliantúil	An Buiséad Bliantúil a chur ar fáil	An Buiséad Bliantúil a chur ar fáil faoin dáta reachtúil.
Bainistiú Fiach Ghníomhach	Bailiúcháin a uasmhéadú sna réimsí seo a leanas - Rátaí, Iasachtaí Tithíochta, Trácht, ÁCPN, Tobhaigh Forbartha, Ioncam Ilghnéitheach Eile.	Ar Siúl - % Bailithe.
Ráiteas Airgeadais Bliantúil	An Ráiteas Airgeadais Bliantúil a chur ar fáil	Ráiteas Airgeadais Bliantúil a chríochnú faoin dáta reachtúil.
Bainistíocht Airgid Cisteáin	Bainistíocht Airgid Cisteáin lena n-áirítear bainistíocht Insreafaí airgid agus Eis-Sreafaí airgid.	Líon Na Laethanta a bhfuil an Chomhairle i rótharraingt.
Luimneach 2030	Luimneach 2030: Bainistíocht ar shreabhadh airgid, tarraingt anuas iasachtaí, próiseáil sonrasc Ó Luimneach 2030, billeálacha Luimnigh 2030 le haghaidh iasachtaí a eisíodh agus bainistiú caidrimh le hinstiúidí iasachtaí.	Ar Siúl.
Cuntais Iníochta	Feidhm Cuntas Iníochta a Bhainistiú	A chinntiú go n-íoctar soláthraithe na Comhairle go pras agus go cruinn.

Príomhsheirbhís	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Clár Caipitil 3 Bliana	Clár Caipitil 3 Bliana a Dhréachtadh	Buiséad Caipitil 3 Bliana a Chríochnú.
Bainistíocht Tionscadal	Córas maoirseachta tionscadal a bhainistiú do mhórtionscadail.	Maoirseacht rioscaí, saincheisteanna, leithdháilte buiséid agus rialachais tionscadal.
Tionscadail Feabhsaithe Gnó	Dréachtadh Straitéise Claochlaithe chun socrú tosaíochta agus cur i bhfeidhm Tionscadal Feabhsaithe Gnó a threorú.	Straitéis Chlaochlaithe agus amlíne maidir le cur chun feidhme glactha.
Dearadh Seirbhíse	Smaointeoireacht deartha a leabú i seachadadh tionscadal feabhsaithe gnó.	Cur chuige dírithe ar an duine ó thaobh feabhsú seirbhísí don fhoireann agus don saoránach araon.
Catalóg Seirbhísí	Catalóg i bhfeidhm atá ceangailte leis an gcóras inmheánach CRM chun riachtanais leibhéal seirbhíse a thomhas.	Gach seirbhís túslíne san áireamh sa Chatalóg Seirbhísí.
Cumarsáid Inmheánach	An sreabhadh cumarsáide a chinntiú ar fud na heagraíochta.	Teimpléad cumarsáide i bhfeidhm. Aip foirne a sholáthraíonn rannpháirtíocht mhéadaithe leis an bhfoireann deisce agus neamhdheisce. Líonra Idirchaidrimh foirne ar siúl go démhíosúil. Fóram Seanóirí agus Grúpaí Tionscadal Caipitiúil Seanóirí á riaradh go míosúil. Comhaontuithe Leibhéal Oibríochtúil Inmheánacha i bhfeidhm.
Earcú	Earcaigh go tráthúil an pearsanra is cáilithe chun poist aitheanta a líonadh bunaithe ar an riachtanas gnó agus na buiséid atá ar fáil.	Líon na n-agallamh a reáchtáladh laistigh den chreat ama inghlactha agus líon na bhfolúntas a líonadh go rathúil.
Leas Foirne	Timpeallacht thacúil a chur ar fáil do bhaill foirne chun leas na foirne agus rochtain ar thacaíochtaí a éascú.	Cur i bhfeidhm cláir bhainistíochta saoire breoiteachta faoi mhonatóireacht a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach. Clár folláine a sheachadadh ina

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
		<p>gcuimsítear cur chun cinn gníomhach an Chláir Cúnaimh Fostaíochta agus soláthar sraithe ceardlann, imeachtaí agus faisnéise a bhaineann leis an tsláinte tríd an mbliain.</p> <p>Seachadadh chéim 1 den straitéis Folláine 3 bliana (ar glacadh léi i Mí na Nollag 2023). I gcéim 1, rachfar i dteagmháil go forleathan leis an bhfoireann, bunófar coiste folláine tras-rannach agus forbrófar Plean Gníomhaíochta Folláine do 2024 – 2026.</p>
Foghlaim agus Forbairt	An fhoireann a éascú chun a n-acmhainneacht a bhaint amach trí chlár sainaitheanta oiliúna agus forbartha, agus ar an gcaoi sin an méid a chuireann siad leis an gComhairle a uasmhádú.	Clár foghlama agus forbartha a sholáthar, bunaithe ar riachtanais chriticiúla agus curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais na hEagraíochta. Éascóidh an clár sin don fhoireann leas a bhaint as deiseanna foghlama riachtanacha agus forbartha araon, rud a chuirfidh le cumas na foirne. CBFF ar líne a chur ar fáil chun rannpháirtíocht foirne níos mó agus rochtain mhéadaithe ar dheiseanna oiliúna a éascú.
Párolla agus Pinsin	I gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte MyPay, cinntigh go n-íoctar párolla agus pinsin go pras agus go cruinn de réir na reachtaíochta agus na bhfrámaí ama ábhartha.	I gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte MyPay, go n-íoctar párolla agus pinsin go pras agus go cruinn de réir na reachtaíochta agus na bhfrámaí ama ábhartha.
Caidrimh Tionsclaíoch	Forbairt aeráide caidrimh thionsclaíoch a éascú a sholáthraíonn meicníocht chun athrú a bhainistiú, feidhmíocht a bhainistiú agus saincheisteanna atá faoi dhíospóid a réiteach i gcomhréir leis na meicníochtaí ábhartha um réiteach díospóide.	Sceideal cruinnithe comhsheasmhacha rialta le Ceardchumann in iarracht réamhghníomhach saincheisteanna athraithe, feidhmíochta agus leasa foirne a aithint agus a réiteach go tráthúil. Próiseas comhaontaithe um réiteach díospóide nuair nach féidir comhaontú a dhéanamh.

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Am agus Láithreach	<p>A chinntiú go bhfuil gach ball foirne ag comhlíonadh na gculpóirí atá leagtha amach sa Scéim Bainistíochta Tinrimh agus sna Beartais Oibre is Saoil/sa Reachtaíocht.</p> <p>Feidhmiú socruithe oibre Cumaisc a athbhreithniú i gcomhréir le Treoirlínte Rialtais/Earnála.</p>	<p>Monatóireacht chuimsitheach ar An Scéim Bainistíochta Tinrimh chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann ag taifeadadh ama agus saoire de réir bheartais agus phrionsabail na Comhairle.</p> <p>Aon athruithe ar an Scéim Oibre Cumaisc a chur i bhfeidhm de réir treoirlínte náisiúnta.</p>
Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan	Seirbhís chomhroinnte a sholáthar chun freagairt thapa agus slógadh a sholáthar do ghlaonna dóiteáin éigeandála 999/112 do na húdaráis dóiteáin i gCúige Mumhan.	<p>Líon na nglaoanna éigeandála a fuarthas (thart ar 15,000 glao éigeandála).</p> <p>Deimhniú Caighdeán ISO 9001:2015 a choinneáil.</p>
Córas Náisiúnta Slógtha agus Cumarsáide	Bonneagar cumarsáide agus slógtha Seirbhíse Dóiteáin a chur chun feidhme agus a bhainistiú, ar bhonn Náisiúnta.	Foireann CNSC a bhunú agus a fhorbairt. Ardán athsholáthair Slógtha Seirbhísí Náisiúnta Dóiteáin a sholáthar agus a chur i bhfeidhm agus Seirbhísí Dóiteáin go Náisiúnta a aistriú chuig an ardán, bainistiú leanúnach ar an gcóras a sheachadadh de réir caighdeán comhaontaithe.
Seirbhísí Deisce Freastail	<ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht Theicniúil Úsáideora Agus Trealamh a sholáthar ar bhealach sofhreagrach agus gairmiúil. 	<ul style="list-style-type: none"> Freagra tosaigh tapa de réir an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse le réiteach féideartha nó iarraidh ar thuilleadh faisnéise. Meán-am chun ticéad a dhúnadh <15 uair an chloig (90% de na ticéid). Ailt Bunachair Faisnéise a cruthaíodh chun cumhacht a thabhairt d'úsáideoirí a dticéid féin a réiteach. Ailt BF a cruthaíodh chun cabhrú le réitigh amach anseo. Staitisticí cruinne sa tuarascáil mhíosúil trí Chineál/Fochineál gach WO a fhíorú. Déan athbhreithnithe ráithiúla ar na príomhcheisteanna athfhillteacha, déan bearta coisctheacha nuair is gá.

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Seirbhísí Tacaíochta Bonneagair	<ul style="list-style-type: none"> • Monatóireacht agus Cothabháil A Dhéanamh Ar Bhonneagar TF na comhairle (Bogearraí agus Crua-Earraí) • Cur chuige réamhghníomhach chun aga neamhfhónaimh na comhairle a chosc. • Uasghrádú\Athsholáthar Bonneagair cruu-earraí\bogearraí • Leagan amach na gcóras bonneagair\cumraigh\nósann a imeachta a dhoiciméadú • Úsáideoirí a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi shaincheistanna/obair • Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a Dhoiciméadú/a Rianú agus a Athnuachan • Cúltaca agus Aisghabháil 	<ul style="list-style-type: none"> • Míchaoithiúlacht theoranta don fhoireann. • Gan aga neamhfhónaimh neamhsceidealta bhonneagar TFC na Comhairle ar bith. • Am teoranta idir nuashonruithe. • Doiciméadú ar leagan amach/cumraíocht/nósanna imeachta uile na gcóras Bonneagair i bhfeidhm. • Rogha Chúltaca\Athchóirithe do gach freastalaí i bhfeidhm.
Seirbhísí Cumarsáide & Comhoibrithe	<ul style="list-style-type: none"> • Imscrúdú a dhéanamh ar an indéantacht an Córas Teileafóin a athrú ó PRA go Guth SIP. • Bain seanuimhreacha oidhreachta 061 – 407XXX & 061 – 496XXX. 	<ul style="list-style-type: none"> • Córas níos iontaofa & níos éifeachtaí le teipistriú éasca idir MQ agus DD.
	<ul style="list-style-type: none"> • Comhtháthú MS Teams le láithreáin Ar Líne SharePoint bainistíochta taifead LITe. 	<ul style="list-style-type: none"> • Comhoibriú níos fearr.
Seirbhísí Cibearshlándála	<ul style="list-style-type: none"> • Bainistigh aon Ticéid arna nArdú ag an gCóras XDR Monatóireachta & paistí a Chur i bhFeidhm. 	<ul style="list-style-type: none"> • Feasacht luath agus freagairt ar chibirionsaithe.
	<ul style="list-style-type: none"> • Torthaí An Chleachtaidh Barrbhoird Cibearshlándála a chur i bhfeidhm. 	<ul style="list-style-type: none"> • Foireann freagartha do theagmhais i bhfeidhm. • Feasacht bhainistíochta fheabhsaithe, agus cinneadh maidir le RTO aontaithe.
	<ul style="list-style-type: none"> • Leanúint Ar Aghaidh Le Comhdhlúthú Balla Dóiteáin. 	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh cumraíocht níos simplí ann agus Infhaighteacht Ard idir MQ agus DD.
	<ul style="list-style-type: none"> • An Fhoireann TFC a choinneáil suas chun dáta maidir le leochaileachtaí agus nósanna imeachta nua chun an Chomhairle a chosaint orthu sin. 	<ul style="list-style-type: none"> • Feasacht agus cumas feabhsaithe chun freagairt ar Chibircheistanna.

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
	<ul style="list-style-type: none"> Sceideal iomlán chun Freastalaithe Chéim 1 a Phaisteáil. 	<ul style="list-style-type: none"> Sceideal paisteála i bhfeidhm.
	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go bhfuil dochtearraí ar gach feiste cothrom le dáta. (Freastalaithe, Líonrú, Stóráil srl.). 	<ul style="list-style-type: none"> Nuashonruithe Slándála agus Dochtearraí ag an leagan is déanaí atá ar fáil.
	<ul style="list-style-type: none"> Iniúchadh cibearshlándála Chun Tástáil Treáite A Dhéanamh Agus aon torthaí a Mhaolú. 	<ul style="list-style-type: none"> Feasacht fheabhsaithe Ar Sheasamh Slándála.
	<ul style="list-style-type: none"> Oiliúint feasachta úsáideoirí. 	<ul style="list-style-type: none"> Clár feasachta úsáideoirí i bhfeidhm.
Seirbhísí Líonra	<ul style="list-style-type: none"> Pointí Rochtana gan sreang a uasghrádú. 	<ul style="list-style-type: none"> PRanna feabhsaithe i bhfeidhm agus ag feidhmiú. Líonra gan sreang níos iontaoifa.
	<ul style="list-style-type: none"> Líonra Snáithín Loighciúil, toilleadh Líonra Snáithín a mhéadú (Tionscadal Bhóthar De hÍde). 	<ul style="list-style-type: none"> Toilleadh breise ar fáil ar an líonra snáithín.
Priontáil agus Seirbhísí Gaolmhara	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhísí Chlódóireachta Bhainistithe nua a sholáthar agus a chur i bhfeidhm. 	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhísí Chlódóireachta fheabhsaithe agus níos costéifeachtúla ar fáil.
Dáileadh Bogearraí agus Aipeanna.	<ul style="list-style-type: none"> Córas Bainistíochta Sócmhainní Bogearraí a chur i bhfeidhm. 	<ul style="list-style-type: none"> Bainistíocht Ceadúnas Fheabhsaithe. Réitigh Chorparáideacha Shingile. Bainistíocht leochaileachtaí fheabhsaithe.
AT\Leanúnachas Gnó	<ul style="list-style-type: none"> Gnéithe éagsúla d'athshlánú ó Thubaiste a thástáil go ráithiúil. Doiciméid a athbhreithniú agus an próiseas a leasú más gá. 	<ul style="list-style-type: none"> Doiciméadú i bhfeidhm. Tástáil rathúil críochnaithe. Próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm.
Margaíocht Luimnigh	<ul style="list-style-type: none"> Tionscnamh 'Branda Luimnigh' a chur i bhfeidhm agus leanúint leis. 	<ul style="list-style-type: none"> Feachtais fhairsinge chun cáil Luimnigh a dhaingniú mar áit iontach le bheith ag obair, ag maireachtáil, ag infheistiú agus le cuairt a thabhairt air agus fuinneamh difriúil ann.
Cumarsáid	<ul style="list-style-type: none"> Acmhainn na Comhairle a fhorbairt chun í féin a chur chun cinn go réamhghníomhach agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara. 	<ul style="list-style-type: none"> Feachtais mhealltacha a chruthú agus a sheachadadh chun an raon seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle a thaispeáint. Dul i ngleic go réamhghníomhach leis na meáin chun a chinntiú go bhfuil scéal Luimnigh tairbheach.

Stiúrthóireacht an Ionaid Náisiúnta agus Réigiúnaigh um Sheirbhísí Comhroinnte

An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ISCÍCT):

Tá Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) ar cheann de na tacaíochtaí comhtháite tithíochta a thairgtear trí Údarás Áitiúla. Is é an tIonad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT an tseirbhís chomhroinnte náisiúnta teagmhála do chustaiméirí agus idirbheartaíochtaí airgeadais don ÍCT agus reáchtálann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh é thar ceann na 31 údarás áitiúil ar fud na tíre in éineacht le Feidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath Do Dhaoine Gan Dídean. Ó cuireadh tús leis an scéim, tá os cionn 116,750 tionóntacht próiseáilte ag Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT agus faoi láthair tacaíonn sé le breis agus 57,000 tionóntacht ghníomhach ÍCT. Cuireadh ar bun meánlíon seachtainiúil de 164 tionóntacht ÍCT le linn 2023. Cuireadh ar bun os cionn 24,800 tionóntacht ÍCT do dhaoine gan dídean go dtí seo. Soláthraíonn Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT bainistíocht sonraí agus anailísíocht ar gach Idirbheart ÍCT freisin.

Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt:

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an comh-phríomhúdarás i bpáirt le Comhairle Contae Thiobraid Árann do Réigiún Dramhaíola An Deiscirt. Is é ról Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiún An Deiscirt comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghníomhaíochtaí Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt agus in 2024 cuirfear An Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach in ionad an phlean reatha. Áireofar leis an aistriú chuig Geilleagar Ciorclach an geilleagar ciorclach a chur chun cinn go réamhghníomhach, dramhaíl a chosc, a íoslaghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola agus i gcomhar le pobail, tionscail, gnólachtaí, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile. Clúdaíonn an oifig limistéir riaracháin Chomhairlí Contae Cheatharlach, an Chláir, Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann agus Loch Garman, Chomhairle Cathrach Agus Contae Luimnigh, Chomhairle Cathrach Agus Contae Phort Láirge agus Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Dóiteáin Agus Éigeandáil:

Rannóg na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála — Reáchtálann agus bainistíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar Údarás Dóiteáin an tSeirbhís Dóiteáin i Luimneach óna ceanncheathrú ag Teach Lios an Fhálaigh agus trí Stáisiún Dóiteáin i Sráid Mulgrave, sa Chaisleán Nua Thiar, i Mainistir na Féile, i Ráth Caola, i gCill Mocheallóg, i bhFaing agus sa Cheapach Mhór.

Áirítear leis an tseirbhís sin freisin an córas Rialaithe Tógála lena n-áirítear Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán, Fógraí Tosaithe agus Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas don údarás áitiúil. Tá Cosaint Shíbhialta, Bainistíocht Móréigeandála agus Sábháilteacht Uisce mar chuid de na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála freisin.

Seirbhísí Uisce:

In Iúil 2023, shínigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe le hUisce Éireann. Tá gach seirbhís oibriúcháin ar na líonraí poiblí uisce agus uisce dramhaíola faoi rialú díreach Uisce Éireann anois. Tá sé de rogha ag an bhfoireann fanacht i Seirbhísí Uisce go deireadh 2026, agus mar sin coinneofar maoirseacht ar roinnt cúrsaí agus fanfaidh siad sa Stiúrthóireacht Náisiúnta agus Réigiúnach um Sheirbhísí Comhroinnte go dtí sin.

Fanfaidh Seirbhísí Saotharlainne agus soláthar na Seirbhíse Uisce Tuaithe le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar fheithreamh cinneadh deiridh i dtaobh na struchtúr cuí agus ábhartha dá riaradh leanúnach.

Foireann Freagartha d'Úcránaigh.

Sholáthair an Fhreagairt d'Úcránaigh i Luimneach d'athchóiriú agus do reáchtáil trí Ionad Lóistín Bainistithe Údaráis Áitiúil sa Cheapach Mhór, i Mainistir na Féile agus in Eas Géitine. Leanfar de na trí Ionad Lóistín Bainistithe Údaráis Áitiúil sin a reáchtáil in 2024 do Thairbhithe de Chosaint Shealadach (dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin). Fiosrófar deiseanna breise chun ionaid réadmhaoine faoi úinéireacht stáit a athchóiriú le bheith ina n-ionaid do lóistín sealadach agus leanfaidh an Fhoireann Freagartha d'Úcránaigh le bheith ag obair le tograí tráchtála féideartha chun cinntiú go gcloítear le caighdeán náisiúnta don lóistín sin agus dá reáchtáil.

Leanfaidh Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh de an Clár Tairg Teach a reáchtáil i Luimneach. Rinneadh áitiú ar thart ar 100 áit chónaithe folamh ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh sa chlár le linn 2023, agus beidh tuilleadh tairiscintí ann agus tairgeofar áit chónaithe shealadach do theaghlaigh faoin gclár sin le linn 2024. Leanfaidh an Fhoireann Freagartha d'Úcránaigh de tacaíocht a thabhairt don ghealltóir agus do na teaghlaigh i ngach tairiscint.

Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh -

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh a threoraíonn socrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse do na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta agus Réigiúnacha leagtha amach thíos:-

Cur Síos ar Straitéisí Tacaíochta	Spríoc Straitéiseach Chorporáideach
Luimneach a chur chun cinn mar thiománaí an Iarthair Láir trí bhunathrú dearfach agus rannpháirtíocht saoránach nuálach.	Spríoc 1
An deis agus an timpeallacht a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uirbeacha d'athbheochan inbhuanaithe, eacnamaíoch, comhshaoil agus shóisialta Luimnigh trí spriocanna agus cuspóirí an Phlean Chorporáidigh a ailíniú le spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.	Spríoc 1

Leanúint ar aghaidh ag cur leis an gcultúr comhlíonta leis na Rialacháin Foirgníochta ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh trí oideachas agus monatóireacht ó Údarás Rialaithe Foirgníochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.	Spríoc 3
I gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann, infheistíocht leanúnach i mbonneagar na Seirbhísí Uisce a spreagadh.	Spríoc 3
Bóithre agus sráideanna, Tithíocht, Fóillíocht agus Conláistí, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála (lena n-áirítear Cosaint Shibhialta, Bainistíocht Móréigeandála agus Sábháilteacht Uisce), Seirbhísí Comhshaoil agus Tréidliachta agus feidhmeanna reachtúla eile a bhainistiú agus a chothabháil chun leasa ár saoránach.	Spríoc 8
An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Idirbheartaíochta Airgeadais um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a sholáthar agus a mhaoirsiú don Earnáil Rialtais Áitiúil.	Spríoc 8

Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2024 d’fhonn na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

Seirbhís phríomha/ Bhuiséid	Sainmhíniú Seirbhíse	Iomlán €
A12	Clár ÍCT	691,680,993
C01	Soláthar Uisce	6,202,639
C02	Cóireáil Fuíolluisce	2,657,022
C05	Riar Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha	2,743,386
C06	Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce	295,152
C07	Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh	73,994
C08	Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil	20,000

D06	Feidhm Pobail agus Fiontair	1,489,755
D08	Rialú Tógála	133,952
E06	Glanadh Sráide	385,000
E08	Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola	2,996,422
E10	Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna	421,086
E11	Feidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin	15,767,673
E12	Cosc Dóiteán	556,018
E13	Cáilíocht Uisce, Truailiú Aeir agus Torainn	141,935
F05	Reachtáil Chlár na nEalaíon	100,000
Iomlán		725,665,027

Spriocanna Príomhsheirbhíse -

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí seachadta seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sheachadfar le linn 2024:-

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
<p>ÍCT.</p> <p>Seirbhísí Comhroinnte Idirbheartaíochta Airgeadais um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta don Earnáil Rialtais Áitiúil</p>	<p>8,800 iarratas nua ÍCT a phróiseáil go tráthúil de réir na Meabhrán Tuisceana a comhaontaíodh le húdaráis áitiúla.</p> <p>Gach tionóntacht ÍCT nua agus reatha a choinneáil</p> <p>Deimhniú Caighdeán ISO 9001:2015 a choinneáil</p> <p>Bainistiú Fiachais Bainistigh cuntais go héifeachtúil agus cur chuige réamhghníomhach á choinneáil maidir le bailiú fiach</p> <p>i gcomhréir le treoirlínte ón Aire</p>	<p>Próiseáil Tionóntachtaí Sheachtainiúil</p> <p>Rith Cíosa Tionónta</p> <p>Íocaíochtaí Míosúla Tiarna Talún</p> <p>Meastar go mbeidh faoi 56,000 tionóntacht ghníomhach ÍCT ann in 2024</p> <p>Coinnigh an ráta bailiúcháin ag an leibhéal reatha (>95%)</p>

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
<p>Bainistíocht Dramhaíola Réigiún an Deiscirt.</p> <p>Plean Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta do Gheilleagar Ciorclach 2024-2030 a fhoilsiú</p>	<p>Plean a dhréachtadh trí Orduithe Príomhfheidhmeannaigh agus an plean a fhoilsiú in R1 2024</p> <p>An clár oibre bliantúil a ullmhú i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola chun spriocanna a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí tosaíochta a chur chun cinn</p> <p>An toilleadh náisiúnta do Dhramhaíl Sholadach Chathrach agus Dramhaíl Tógála agus Scartála i gcomhar le Réigiúin eile</p> <p>Feachtas Feasachta Náisiúnta & Réigiúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na Réigiúin eile agus leis an RCAC don Earnáil Teaghlaigh, Tráchtála agus Tógála</p>	<p>Dáta Foilsithe</p> <p>Tuairisciú ar an gclár oibre bliantúil do 2024</p> <p>Foilsiú Tuarascálacha Ráithiúla</p> <p>A chinntiú go réachtáiltear an clár in am, go mbaineann sé luach amach ar airgead agus go bhfanann sé laistigh de bhuiséad RCAC & agus den bhuiséad Réigiúnach.</p>

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
<p>Sábhálteacht Dóiteáin.</p>	<p>Reachtaíocht um shábhálteacht ó dhóiteán a fhorfheidhmiú in áitribh trí chlár cigireachta, ceadúnaithe agus forfheidhmithe</p> <p>Tacú le ceanglais reachtaíochta sábhálteachta an Achta Um Rialú Foirgníochta, trí phróiseas éifeachtach Deimhniúcháin Sábhálteachta Dóiteán a sholáthar.</p> <p>Sábhálteacht dóiteáin a fheabhsú i bpobail</p>	<p>Líon na nÁitreabh a ndearnadh cigireacht orthu in 2024</p> <p>Líon na nDeimhnithe Sábhálteachta Dóiteáin eisithe in 2024</p> <p>Páirt a ghlacadh i gclár na hIdirbhliana in 2024</p>
	<p>Ullmhacht agus cumas oibríochtúil leordhóthanach a choinneáil chun freagairt chúí a thabhairt ar Theagmhais Seirbhíse Dóiteáin.</p>	<p>Líon na dteagmhais ar freastalaíodh orthu in 2024</p> <p>Costas na Seirbhíse Dóiteáin per capita in 2024</p> <p>Am a thógtar chun briogáidí dóiteáin a shlógadh ó thaobh teagmhais dóiteáin/teagmhais éigeandála eile in 2024</p> <p>Céatadán na gcásanna maidir le teagmhais dóiteáin/éigeandála eile ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de;</p> <p>0 - 10 nóiméad 10 – 20 nóiméad Os cionn 20 nóiméad</p> <p>Deimhniú Caighdeáin ISO 9001:2015 a choinneáil in 2024</p> <p>Deimhniú Caighdeáin ISO 45001 a choinneáil in 2024</p>

Rialú Tógála	<p>Gach Fógra Tosaithe, Fógra 7 Lá, Teastas Rochtana Do Dhaoine Faoi Mhíchumas, Teastais Chomhlíonta Ar Chríochnú agus iarratas ar Mhaolú/Ligean Thar Ceal a phróiseáil</p> <p>Clár cigireachtaí Rialaithe Tógála bunaithe ar riosca</p>	<p>Líon Fógraí Tosaithe a Próiseáladh in 2024</p> <p>Fógraí 7 lá</p> <p>Líon na nDeimhnithe Rochtana Míchumais a próiseáladh in 2024</p> <p>Líon na nDeimhnithe Comhlíonta ar Chríochnú próiseáilte in 2024</p> <p>% de na foirgnimh nua a ndearnadh cigireacht orthu atá cothrom leis an sprioc náisiúnta de 12-15% de na fógraí tosaithe, nó os a cionn, a fuarthas in 2024</p> <p>Costas seirbhíse rialaithe tógála in aghaidh an duine in 2024</p>
Bainistíocht Móréigeandála	<p>Feidhm pleanála éigeandála do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chomhordú de réir an Chreata um Bainistíocht Móréigeandála</p> <p>Páirt a ghlacadh i bpleanáil éigeandála réigiúnach do Réigiún an Mheán-Iarthair</p>	<p>Clár oiliúna i bhfeidhm agus curtha i bhfeidhm in 2024</p> <p>Líon na dteagmhais ina gcuirtear an creat um BM i ngníomh in 2024</p> <p>Líon na gCruinnithe Ghrúpa Stiúrtha agus Oibre Réigiúnach an Mheán-Iarthair ar freastalaíodh orthu in 2024</p>
Cosaint Sibhialta	<p>Ullmhacht agus cumas oibriúcháin imleor a choinneáil chun freagairt chuí a sholáthar ar éigeandálaí sibhialta agus teagmhais</p>	<p>Líon na dTeagmhais ar freastalaíodh orthu in 2024</p>
Sábháilteacht Uisce	<p>Cur chun cinn sábháilteachta uisce d'fhonn bá san uisce a chosc.</p>	<p>Cur chun cinn sábháilteachta uisce d'fhonn bá san uisce a chosc.</p>

<p>Seirbhísí Uisce</p> <p>Seirbhísí Uisce Fearais Ghrúpa agus Phríobháideach a a Riar</p>	<p>Deontais Toibreacha Príobháideacha a Riar thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.</p>	<p>Líon agus luach na ndeontas a riaradh.</p>
	<p>Deontais Píopaí Luaidhe & Feisteas a riar thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.</p>	<p>Líon agus luach na ndeontas a riaradh.</p>
	<p>Dul chun cinn a dhéanamh ar uasghrádú na nGrúpscéimeanna Uisce.</p>	<p>Líon na Scéimeanna Uasghrádaithe.</p>
	<p>Táthcheangail Grúpscéimeanna Uisce.</p>	<p>Glacfaidh Uisce Éireann líon Scéimeanna ar láimh.</p>
<p>Freagairt d'Úcránaigh – réitigh lóistín a shainaithint, a chur ar fáil agus tacú leo dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.</p>	<p>I gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Ionaid Lóistín Údarais Áitiúil a réachtáil do Thairbhithe de Chosaint Shealadach (teitheadh ón gcogadh san Úcráin).</p>	<p>Leanúint le réachtáil Ionad Lóistín na Ceapaí Móire go dtí Samhain 2024, Ionaid Lóistín Eas Géitine agus Mhainistir na Féile go dtí tús 2025 agus a bheith mar ghníomhaire don RLCMLÓ d'Ionad Lóistín Fernbank go dtí tús 2025.</p>

	Tacú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige trí réitigh chóiríochta chuí a fhoinsiú de réir mar is gá agus tacú le reáchtálaithe príobháideacha lárionad cóiríochta maidir le láimhseáil riachtanais chónaitheoirí nua Luimnigh agus freagairt orthu	Leanúint le dul i mbun réitigh chóiríochta fhéideartha agus reatha a sholáthraíonn reáchtálaithe príobháideacha i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta.
	Tacú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht a trí thionscadail athchóirithe a scrúdú agus a mholadh lena mbreithniú faoin Tionscadal Athchóirithe Éigeandála (an Úcráin) chomh maith le suíomhanna oiriúnacha le haghaidh Tithe Mearthógtha féideartha	Leanúint le dul i mbun réitigh chóiríochta fhéideartha agus reatha i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta.
	An Clár Tairg Teach a riar i gCathair agus Contae Luimnigh.	Leanúint le tairiscintí a mheas agus, nuair is féidir, iarracht a dhéanamh cóiríocht gheallta a mheaitseáil le Tairbhithé de Chosaint Shealadach. Leanúint le tacaíochtaí a sholáthar don úinéir agus d'áititheoirí réadmhaoin Tairg Teach araon.
	Rannpháirtíocht ghníomhach i bhFóram Freagartha Pobail Luimnigh.	Leanúint le hobair leis an bhFóram Freagartha Pobail chun a chinntiú go seachadófar timsheirbhísí do Thairbhithé de Chosaint Shealadach i Luimneach.

An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht

Tá an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht tiomanta d'fhás pobal idir uirbeach agus tuaithe i Luimneach agus iad á gcur chun cinn mar phríomhspreagthóirí rathúnais gheilleagraigh. Agus é mar aidhm aici Luimneach a chur mar phríomhcheann scríbe infheistíochta agus timpeallacht fháiltiúil do ghnóthaí nua, tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht sin i dtionscnaimh pleanála forbartha agus straitéisí na Comhairle.

Is roinnt aonad gnó atá nasctha le chéile atá sa Stiúrthóireacht lena n-áirítear Trádáil agus Infheistíocht, an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ), Luimneach a Nuáil, Turasóireacht, Fiosraigh Luimneach CGA, agus Seirbhísí Digiteacha, téann an Stiúrthóireacht i dteagmháil le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, agus idirnáisiúnta, chun Luimneach a chur chun cinn mar phríomhcheann scríbe infheistíochta agus turasóireachta. Glacann an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Turasóireacht páirt ghníomhach i straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta agus í ag glacadh ról ceannais ó thaobh gach tionscadal forbartha geilleagair a roghnú agus a mhaoiniú. Cinntíonn an Stiúrthóireacht sin comhordú saoráideach le gníomhaireachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara chun fás geilleagrach a chur chun cinn sa réigiún.

Maoirsítear, trí chuid turasóireachta na Stiúrthóireachta, cur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh 2019–2023 agus an fócas ar cheithre príomhthéama d'fhonn ligean le hacmhainn turasóireachta Chathair Luimnigh. Agus béim á cur ar eispéiris shainiúla agus bonneagar a chruthú, amhail Glasbhealach Luimnigh, tá sé d'aidhm ag an roinn Turasóireachta borradh a chur faoi líon na gcuariteoirí agus fad a chur lena gcuart ar Luimneach. Trí chomhobair le príomhpháirtithe leasmhara, feabhsaíonn an roinn an t-eispéireas turasóireachta iomlán i Luimneach agus an chathair á cur chun cinn go straitéiseach mar chuid de Réigiún an Atlantaigh Fhiáin. Agus í ag díriú go háirithe ar ról Chathair Luimnigh mar “chathair thairsí” do Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus mar Mhol Cinn Scríbe i Máistirphlean na Sionainne agus i gCroílár Ceilte na hÉireann, tá ról barrthábhachtach ag an Roinn Turasóireachta ó thaobh tarraingt Luimnigh a uasmhéadú ar scála náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Tá pleanáil agus ullmhúchán do Chorn Ryder 2027 i Mainéar Áth Dara, Luimneach ar siúl agus Comhordaitheoir Chorn Ryder ceaptha ionas gur féidir leis an gComhairle obair le comhpháirtithe ó thaobh plean seachadta straitéiseach don Chomhairle a chur i bhfeidhm lena n-áirítear comhordú lóistíochta imeachta chomh maith le hoidhreacht a chruthú do Luimneach.

Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh –

Leagtar amach Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh atá mar threoir ag leagan síos na Spriocanna Príomhsheirbhíse don Stiúrtóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach thíos:-

Cur Síos ar Straitéis Tacaíochta	Sprioc Straitéiseach Chorporáideach
Leanúint de Luimneach 2030 a chur i bhfeidhm: Plean Eacnamaíoch agus Spáis do Luimneach a chur i bhfeidhm chun Luimneach bríomhar a sholáthar trí athbheochan na bpobal i Luimneach a chruthú.	Sprioc 1
Próifíl, éifeacht agus tionchar Luimnigh a fheabhsú go hidirnáisiúnta chun ár n-acmhainneacht a uasmhéadú agus chun deiseanna fáis dhomhanda agus margaidh ghaolmhair a thapú chun todhchaí eacnamaíoch inbhuanaithe a chinntiú.	Sprioc 1
Leanúint le hiniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha maoinithe straitéiseacha agus nuálaíochta chun príomhshuíomhanna straitéiseacha a fhorbairt	Sprioc 1
Luimneach a shuíomh go hidirnáisiúnta mar gheilleagar iomaíoch eolais a bhfuil cáil air mar gheall ar a bhonn scileanna agus a shármhaitheas i raon earnálacha, rud a chruthóidh geilleagar bríomhar agus éagsúlaithe le meascán d'úsáidí eacnamaíocha agus láithreachta láidir oideachais.	Sprioc 2
Éiceachóras uathúil a fhorbairt chun gnó nua a thosú, a fás agus a fhorbairt – ag déanamh de Luimneach an suíomh is éifeachtúla ó thaobh gnó de.	Sprioc 2
Oibriú lenár gcomhpháirtithe agus le gníomhaireachtaí stáit chun fás eacnamaíoch fadtéarmach a chruthú le fócas láidir ar chruthú post, breisoiliúint agus oiliúint chun braislí eacnamaíocha a chruthú timpeall ár n-ionad uirbeach.	Sprioc 2
Ár bPlean Forbartha Fiontair Áitiúil a sheachadadh d'fhonn fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus micreaghnóthais agus mionghnóthais atá ann cheana féin a fhorbairt chun cruthú post a thiomáint	Sprioc 2

agus chun tacaíochtaí ardchaighdeáin inrochtana a sholáthar do ghnólachtaí beaga.	
Ár Straitéis Turasóireachta, ár Straitéis Chultúir agus ár gClár Forbartha Leabharlann a sheachadadh d'fhonn an tairiscint turasóireachta agus chultúrtha a fheabhsú i Luimneach	Sprioc 2
Oibriú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe i ngníomhaireachtaí poiblí, san earnáil phobail agus dheonach agus gnólachtaí áitiúla chun deiseanna fostaíochta agus oiliúna áitiúla a uasmhéadú sna réimsí sin ina bhfuil dífhostaíocht fhadtéarmach agus neamhghníomhaíocht eacnamaíoch go leanúnach.	Sprioc 2
Bonneagar glas a fhorbairt ag an leibhéal áitiúil agus úsáid réiteach dúlrahnaithe a chur chun cinn i gcomhair sheachadadh líonra chomhleanúnaigh agus chomhtháite.	Sprioc 4
Dul i dtreo gan glanchaillteanas bithéagsúlachta ar bith trí straitéisí, pleanáil, bearta maolaithe, fritháireamh cuí agus/nó infheistíocht i mbonneagar Gorm-Glas.	Sprioc 4
Tacú le próisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta a bhfuil brí agus éifeachtacht leo i bhforbairt pleananna, i ndéanamh beartais agus i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí agus tionscadal.	Sprioc 6
Tiomantas a thabhairt lenár gcomhpháirtithe d'oscailteacht agus sinn ag fiosrú bealaí éagsúla agus nuálaíocha maidir le comhsholáthar seirbhíse agus roghanna trádála lena n-áirítear comhlonnú agus comhroinnt feidhmeanna agus áiseanna riaracháin a mhéid is féidir.	Sprioc 7

Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2024 d'fhonn na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

Seirbhís phríomha/ Bhuiséid	Sainmhíniú Seirbhíse	Iomlán €
A01	Cothabháil/Feabhsú ar Aonaid Tithíochta ÚÁ	130,000
A04	Tacaíocht um Forbairt Pobail Tithíochta	130,000
B04	Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú	38,356
D04	Áiseanna Tionscail agus Tráchtála	75
D05	Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta	1,403,105
D06	Feidhm Pobail agus Fiontair	35,000
D09	Forbairt agus Cur chun Cinn Eacnamaíoch	4,997,060
F01	Feidhmiú Áiseanna Fóillíochta	30,000
F03	Feidhmiú Limistéar Fóillíochta Amuigh Faoin Spéir	30,000
F04	Forbairt Spóirt agus Caithimh Aimsire Pobail	85,000
F05	Reachtáil Chlár na nEalaíon	349,732
J02	Seirbhísí corparáideacha ginearálta	238,031
J03	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	1,115,388
Iomlán		8,581,747

Spriocanna Príomhsheirbhíse -

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí seachadta seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sheachadfar le linn 2024:-

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Trádáil & Infheistíocht	Infheistíocht ghnó a chomhdhlúthú i Luimneach chun deiseanna fostaíochta a chruthú do shaoránaigh Luimnigh	Fás ar na fógraí poist ó bhliain go bliain.
Trádáil & Infheistíocht	Feabhas a chur ar mhargaíocht Luimnigh sa bhaile agus go hidirnáisiúnta	Cuairteanna idirnáisiúnta a óstáil agus a reáchtáil ag cur Luimneach chun cinn mar láthair infheistíochta.
Trádáil & Infheistíocht	Gnó miondíola a spreagadh laistigh de lár na cathrach	Comhdháil infheistíochta miondíola a óstáil agus Luimneach a chur chun cinn mar dheis mhiondíola
Trádáil & Infheistíocht	Rannpháirtíocht diaspora a chur chun cinn i gcur chun cinn agus i bhforbairt Luimnigh	Óstáil imeachtaí diaspora go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
Féilte & Imeachtaí	An tairiscint Féilte & Imeachtaí i Luimneach a thógáil agus a fhás An tairiscint féilte agus imeachtaí i Luimneach a thógáil agus a fhás	Raon féilte agus imeachtaí pleanáilte agus curtha i gcrích go rathúil. Plean Gníomhaithe Féilte & Imeachtaí a ullmhú Féilte Cathartha a sheachadadh
Turasóireacht	Straitéis nua Turasóireachta a fhorbairt do 2024 - 2029 Athbhreithniú ar Straitéis Turasóireachta 2019 – 2023 a chríochnú Straitéis Turasóireachta a	Tús curtha le Straitéis Nua Turasóireachta An t-athbhreithniú críochnaithe agus na príomhcheachtanna ionchorpraithe i straitéis nua 2024 - 2029 Na gníomhartha i Straitéis

	<p>sheachadadh agus a chur i bhfeidhm</p> <p>Athrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht i dtionscnaimh Thurasóireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear tionscnaimh athraithe aeráide a fhorbairt ar Ghlasbhealach Luimnigh</p> <p>Seachadadh Tionscadal Caipitiúil Turasóireachta</p>	<p>Forbartha Turasóireachta Luimnigh 2024 – 2029 a sheachadadh i gcomhar le Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Cuideachta Forbartha Bhealach Eabhra, Gleannta na Mumhan, Acmhainní Iarthar Luimnigh Teoranta agus dul i dteagmháil go gníomhach le páirtithe leasmhara ar fud gach earnála.</p> <p>Na gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Bithéagsúlachta Ghlasbhealach Luimnigh a chur i gcrích Obair le páirtithe leasmhara go seachtrach agus comhghleacaithe go hinmheánach chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscadal gníomhaithe ar son na haeráide.</p> <p>Smaoinigh ar thionscnaimh inbhuanaithe agus aisiríocha sa turasóireacht.</p> <p>Tús a chur le hoibreacha ar Charrchlós agus Mol an Chaisleáin Nua</p> <p>Oibreacha athfhorbartha a chríochnú ag Mol Theach Stáisiúin Ardach, Teach Stáisiúin na Bearna, Seid Earraí Mhainistir na Féile faoi réir iarratas rathúil leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT)</p> <p>Obair le Margaíocht agus Cumarsáid i dtaobh cur i bhfeidhm tionscnamh agus taitneamhachtaí Turasóireachta éagsúla, lena n-áirítear Glasbhealach Luimnigh agus Pas</p>
--	--	---

Seirbhísí Digiteacha	<p>A chinntiú go dtugann sócmhainní digiteacha Luimnigh bealaí slána agus áisiúla chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis na Comhairle.</p>	<p>Nuashonruithe leanúnacha ar Limerick.ie agus MyLimerick le hinfhaighteacht ard agus idirghníomhaíochtaí slána na Comhairle a chinntiú</p> <p>Comhordú a dhéanamh ar fheidmiú céimneach an phríomh-bhonneagair dhigitigh agus fheistí Idirlíon na nEarraí chun seachadadh seirbhíse níos fearr a éascú, agus chun ceanglais na Comhairle a chomhlíonadh</p> <p>Feabhas a chur ar inrochtaineacht inmheánach agus sheachtrach ar shonraí a bhailítear ón mbonneagar digiteach chun cinnteoireacht níos fearr a spreagadh.</p>
		<p>Tús a chur leis an bpróiseas chun Straitéis Dhigiteach nua Luimnigh a chruthú tar éis fhoilsiú Straitéis Dhigiteach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil</p>
Seirbhísí Digiteacha	<p>An claochlú digiteach ar oibríochtaí na Comhairle ó lá go lá a chur chun cinn</p>	<p>Aistrigh Sugar CRM go réiteach nua-aimseartha, néalbhunaithe</p> <p>Infreastruchtúr sonraí agus deaise a cheapadh agus a thosú le sonraí ábhartha a chur ar fáil dóibh siúd ar gá dóibh iad a úsáid ar bhealach sábháilte, slán agus freagrach</p>

Seirbhísí Digiteacha	A chinntiú go bhfuil leathanbhanda agus seachadadh seirbhísí soghluaiste ar ardchaighdeán iomaíoch ó thaobh costais de ag Luimneach	<p>Rachaidh an tOifigeach Leathanbhanda i dteagmháil le Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann agus leis an Rannóg Pleanála chun cabhrú le hiarratais phleanála riachtanacha le haghaidh rolladh amach leanúnach an bhonneagair leathanbhanda</p> <p>Déanfaidh an tOifigeach Leathanbhanda cláir phobail agus for-rochtana a phleanáil agus a ullmhú ar féidir iad a sheachadadh do ghrúpaí pobail agus do scoileanna chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh</p> <p>Oibriú le hoibreoirí líonra móibíleach agus oibreoirí túr móibíleach chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i gclúdach fón póca</p>
Seirbhísí Digiteacha	TCI an fhearainn phoiblí a oibriú agus a chothabháil	Na scéimeanna TCI cathrach agus contae a oibriú agus a chothabháil
Seirbhísí Digiteacha	Cláir AE	<p>Leanúint ar aghaidh le céim faireacháin agus meastóireachta an tionscadail AE Fís 2020, +CityxChange</p> <p>Clár oideachais tionscadal AE a phleanáil agus a rolladh amach do Chomhaltaí Tofa agus d'fhoireann na Comhairle</p>

		<p>Caidrimh a aithint agus a fhorbairt le comhpháirtithe ionchasacha agus tionscadail AE féideartha nua a shainaithint a thagann le cuspóirí agus riachtanais na Comhairle</p>
Turasóireacht	Ullmhaigh do Chorn Ryder 2027	<p>Oibriú le comhpháirtithe chun seachadadh Chorn Ryder 2027 rathúil a phleanáil.</p> <p>Plean Seachadta Straitéiseach Chorn Ryder a chur i gcrích.</p>

Stiúrthóireacht Forbartha Tuaithe, Pobail agus Cultúir

Bunaíodh an Stiúrthóireacht Forbartha Tuaithe, Pobail agus Cultúir i Meitheamh 2023 agus é d'fhreagracht uirthi tacú le Forbairt Tuaithe, Pobail agus Cultúir ar fud Luimnigh.

Bunaíodh An Rannán Forbartha Tuaithe chun tacú le fás bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe trí iarratais a chur le chéile i gcomhar le pobail áitiúla do mhaoiniú chun tacú le fás na gceantar sin i gcomhréir le beartas Rialtais.

Tá an Rannán Forbartha Pobail freagrach as forbairt agus cur i gcrích an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) agus éascaíonn sé obair an Choiste Forbartha Áitiúil agus Pobail agus seachadadh Príomhchlár Náisiúnta amhail an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP), Cláir Leader AE agus sruthanna maoinithe pobail. Tá an rannán freagrach freisin as seachadadh clár imeasctha nua chun tacú le gach ball den phobal inimirceach agus tionscnaimh Shláinte agus Folláine an Rialtais a stiúradh ag an leibhéal áitiúil – amhail Aoisbhá Luimnigh, Luimneach Shláintiúil, agus Pobail Shláintiúla.

Tá an Stiúrthóireacht Forbartha Cultúir freagrach as seachadadh cláir chultúrtha agus ealaíon thar ceann shaoránaigh Luimnigh. Tá an Oifig Ealaíon freagrach as Creatlach Straitéise Cultúrtha Luimnigh 2016-2030 ar glacadh leis a sheachadadh.

Bainistíonn an tSeirbhís Leabharlainne gréasán leathan brainsí leabharlainne i gCathair agus i gContae Luimnigh. Soláthraíonn an Leabharlann tacaíochtaí, cláir agus faisnéis i leith forbairt léitheoireachta agus litearthachta, foghlaim ar feadh an tsaoil, agus sláinte agus folláine. Soláthraíonn sé rochtain ar bhailiúchán ábhar idir fhisiceach agus digiteach.

Spás tiomanta do na hamharc-ealaíona atá i nGailearaí Ealaíne Luimnigh, agus déantar freastal ann ar Réigiún na Cathrach, an Chontae agus an Mheán-Iarthair. Tá bailiúchán buan de bhreis is 900 saothar ealaíne aige, agus tugtar blaiseadh ann de go leor de mhórealaíontóirí na hÉireann. Is é Músaem Luimnigh an músaem údaráis áitiúil is sine sa stát agus an bailiúchán is mó dá bhfuil ann de réada a bhaineann le Luimneach aige (os cionn 65,000 earra).

Tá Seirbhísí Bainistíochta Réadmhaoine freagrach as gníomhú go leanúnach sna bailte agus sráidbhailte ó thaobh dul i ngleic le dearóiliú agus folúntais. Déantar iarracht tríd an Rannán freisin Clár Forbartha Tithíochta Tuaithe Luimnigh a chur i gcrích – trí dhíriú ar dhearóiliú agus tithíocht a sheachadadh don mhargadh príobháideach agus freisin úsáid a bhaint as maoiniú spriocdhíríte a fuarthas faoi Ghairm 3 an Chiste Athghiniúna agus Forbartha

Uirbhig chun dul i ngleic le folúntais agus dearóiliú sa Mhórcheantar Uirbeach. Tá an Rannán freagrach freisin as gach díolachán, ceannachán, cur de láimh agus ceadúnas thar ceann an Údaráis Áitiúil.

Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh-

Leagtar amach Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorporáidigh atá mar threoir ag leagan síos na Spriocanna Príomhsheirbhíse don Stiúrtóireacht Forbartha Pobail thíos:-

Cur Síos ar Straitéis Tacaíochta	Sprioc Straitéiseach Chorporáideach
Luimneach a chur chun cinn mar thiománaí an Iarthair Láir trí bhunathrú dearfach agus rannpháirtíocht saoránach nuálach.	Sprioc 1
Oibriú i gcomhar lenár bpobail, le Gníomhaireachtaí Rialtais agus le comhpháirtithe príobháideacha chun go leor acmhainní a fháil chun todhchaí uailmhianach, nualaíoch agus inbhuanaithe a chruthú, le timpeallacht fheabhsaithe uirbeach agus tuaithe chun go mbainfidh muintir Luimnigh sult as caighdeán maith maireachtála.	Sprioc 1
Folúntais agus dearóiliú a laghdú agus athúsáid suíomhanna agus foirgneamh folamh sa Chathair, sna bailte agus sráidbhailte a chur chun cinn le haghaidh úsáidí geilleagracha, tithíochta, pobail, cultúir, áineasa agus eile.	Sprioc 3
Áiseanna agus spásanna poiblí tarraingteacha agus sábháilte a sholáthar agus a chothabháil a bhfuil rochtain iomlán ag gach duine sa phobal s'againn orthu.	Sprioc 5
Cáilíocht na beatha inár gcomharsanachtaí a fheabhsú, trí bhainistíocht eastáit chomhoibríoch, réamhghníomhach agus thacúil trí oibriú le comhpháirtithe chun obair na gcumann cónaitheoirí a chur chun cinn agus trí thacaíocht do rannpháirtíocht an phobail.	Sprioc 5
Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn agus tacú leo lena n-áirítear conláistí áineasa, spóirt agus cultúir do dhaoine agus do phobail sa Chathair agus sa Chontae ionas gur féidir linn rochtain a uasmhéadú ar na háiseanna sin do dhaoine i Luimneach agus éifeachtúlacht maidir le soláthar a bhaint amach.	Sprioc 5
Comhionannas, éagsúlacht agus cearta daonna a chur chun cinn ar fud fheidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun tacú le comhtháthú idirchultúrtha, ceart muinteartha agus cuimsitheacht do chách.	Sprioc 5

Sláinte agus folláine a chur chun cinn trí thacú le cur i bhfeidhm straitéisí rialtais ábhartha agus trí shraith tionscnamh arna stiúradh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chur i bhfeidhm lena n-áirítear Luimneach Sláintiúil agus Aoisbhá Luimnigh.	Sprioc 5
Oibriú leis na gníomhaireachtaí oiliúna agus oideachais i Luimneach, ag cur le Straitéis Foghlaim Luimnigh chun deiseanna foghlama, oideachais agus oiliúna a fheabhsú trí úsáid a bhaint as ár leabharlanna, músaeim agus seirbhís ealaíon chun foghlaim a chumasú, faisnéis a sholáthar agus scileanna, cruthaitheacht, smaointe agus eolas a chur chun cinn.	Sprioc 5
Leanúint ar aghaidh ag obair le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh chun rannpháirtíocht grúpaí íseal-rannpháirtíochta agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste sóisialta i ngníomhaíocht fhisiciúil agus spórt a mhéadú.	Sprioc 5
Ár gcórais inmheánacha a láidriú chun cinntiú go bhfreagróidh siad do riachtanais an phróisis rannpháirtíochta poiblí.	Sprioc 6
Bealaí nua agus nuálacha a fhiosrú chun dul i gcion ar phobail agus teagmháil leo, trí líonraí gréasánbhunaithe a úsáid.	Sprioc 6
Rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn agus tacú le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail trí dhaoine, acmhainní agus pleanáil a thabhairt le chéile ionas gur féidir le daoine ról gníomhach a ghlacadh i gcinneadh conas a fhorbróidh a bpobal	Sprioc 6
Oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí agus grúpaí a chuireann seirbhísí ar fáil sa phobal chun a chinntiú go bhfuil cur chuige duinelárnach i leith seirbhísí a sheachadadh á sheachadadh go comhsheasmhach ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ár gcomhpháirtithe.	Sprioc 6
Tacú le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí éifeachtach ionas gur féidir leis a ról a imirt chun tacú le próisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta i measc pobal agus na hearnála deonaí.	Sprioc 6
Comhordú, bainistiú agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chláir an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ).	Sprioc 6
Tacú le pobail chun na deiseanna atá ar fáil dóibh a uasmhéadú chun a gceantair agus a n-ómós áite a fheabhsú lena n-áirítear tacú le rochtain ar dheiseanna maoinithe do thionscadail phobail.	Sprioc 6
Cur chuige comhtháite a threorú agus a chumasú i bhforbairt pobail ar fud Luimnigh trí thacú le hoideachas agus le foghlaim, le sláinte agus	Sprioc 7

folláine, le dul in aois go maith, le tacaíocht do theaghlaigh agus don aos óg atá i mbaol trí rannpháirtíocht phobail, trí Chumhachtú agus Rannpháirtíocht Shibhialta.	
Comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta a chumasú tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus struchtúir eile lena n-áirítear an Grúpa Oibre Imeachtha, an Coiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige (CYPSE), Comhairle na nÓg, Coiste Cúraim Leanaí Luimnigh, Foghlaim Luimnigh, Comhaontas Aoisbhá, Feidhmeannas Daoine Scothaosta Luimnigh agus Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh. Is é an cuspóir ár gcomhchuspóirí a bhaint amach maidir le forbairt pobail áitiúil agus cuimsiú sóisialta, ag deimhniú ár dtiomantais do chuimsiú do chách.	Sprioc 7
Folláine an duine aonair agus an phobail a chur chun cinn trí Chlár Éire Chruthaitheach agus Straitéis Chultúrtha Luimnigh: Creat 2016-2030 a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil.	Sprioc 7
Cláir shláinte agus shábháilteachta agus folláine a sholáthar don fhoireann chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh go rathúil.	Sprioc 8

Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2024 d’fhonn na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

Seirbhís phríomha/ Bhuiséid	Sainmhíniú Seirbhíse	Iomlán €
A04	Tacaíocht um Forbairt Pobail Tithíochta	15,000
A07	Deontais Tithíochta	62,905
B04	Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú	120,000
D05	Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta	320,750
D06	Feidhm Pobail agus Fiontair	1,794,824
D09	Forbairt agus Cur chun Cinn Eacnamaíoch	823,997
D10	Bainistíocht Maoine	860,609
D12	Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitimh	2,600,000
E04	Soláthar Seirbhísí Dramhaíola go Bailiúchán	410,000
E05	Bainistiú Bruscair	182,274

E08	Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola	21,800
F02	Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne	4,469,727
F03	Feidhmiú Limistéar Fóillíochta Amuigh Faoin Spéir	40,500
F04	Forbairt Spóirt agus Caithimh Aimsire Pobail	466,907
F05	Reáchtáil Chlár na nEalaíon	3,173,234
F06	Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitimh	3,310
G05	Seirbhísí Tacaíochta Oideachais	133,000
J08	Oifigí Ceantair	500
Iomlán		15,499,338

Spricanna Príomhsheirbhíse -

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí seachadta seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sheachadfar le linn 2024:-

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Riarachán Suíomhanna Dearóile	Clár na láithreán dearóil a thiomsú agus muirearú na dtobhach a phróiseáil de réir Acht um Láithreáin Thréigthe 1990. Is é cuspóir an chláir aghaidh a thabhairt ar ionaid réadmhaoine a bhainfeadh ó thaitneamhacht, carachtar nó cuma na talún i gcomharsanacht	Clár de láithreáin dhearóile a choinneáil. Líon na gcásanna a dúnadh mar gheall ar idirghabháil. Líon na n-ionad réadmhaoine a cuireadh isteach ar Chlár na Láithreán Dearóil. Líon na bhfógraí eisithe.
Riarachán Láithreán Folamh	An Tobhach ar Shuíomhanna Folmha a phróiseáil do gach láithreán forbartha folamh i gCathair agus i gContae Luimnigh	Clár de shuíomhanna folmha a choinneáil.
Riarachán Tithe Folamha	Tugann an tOifigeach Tithe Folamha aghaidh ar fholúntas na n-ionad	Léarscáiligh léargas cruinn ar fholúntais.

	réadmhaoine i gceantar an údaráis áitiúil chun áitíocht tithe reatha a mhéadú	Athghníomhachtú Tithe Folmha
Ciste Forbartha Tithíochta Tuaithe Luimnigh (RLHD)	An maoiniú ceadaithe chun aghaidh a thabhairt ar Dhearóiliú i mbailte Luimnigh a riar.	Aithneofar gníomhaíocht mhéadaithe agus cuirfear tionscadail tógála ar bun de réir mar a thagann deiseanna chun cinn.
Seirbhísí Maoine	A chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht agus na Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin maidir le ceannach maoine, diúscairtí, ceadúnais agus léasanna Tithe a cheannach mar is gá faoi thosaíochtaí Cheannach Tithíochta Sóisialta na Comhairle do 2024, e.g. Ceannaigh agus Athnuaigh, Athghiniúint, Cuid V	Gach idirbheart curtha i gcrích de réir na gcaighdeán ábhartha. Líon Ceannachán críochnaithe.
	Diúscairt Réadmhaoine de réir mar a iarrann ranna eile nó a shaináithnítear agus a dheimhnítear a bheith de bhreis ar riachtanais CCCL.	Líon na nDiúscairtí a tugadh chun críche mar a iarradh – roinnte ar Alt 183 ceadaithe, críochnaithe agus an t-iomlán idir lámha.
	Ioncam atá dlite don Chomhairle as cíos, táillí ceadúnais agus diúscairtí a bhailiú Cur i bhfeidhm an Chláir Leasa Maoine nua a chur chun cinn – athbhreithniú leanúnach chun a chinntiú go ndéantar gach maoin a thaifead ar an gcóras Fóiliónna a dhigitiú ar cheannacháin agus ar	Ioncam bailithe de réir Bhuiséad 2024. Líon na n-iontrálacha bunachair sonraí a bailíochtaíodh. Líon na Léarscáileanna a dréachtaíodh. Líon na nIarratas Teidil a láimhseáladh.

	<p>dhiúscairt. Fíorú an teidil.</p> <p>Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún maidir le Forbairt Colbert</p> <p>(Príobháideach agus Sóisialta)</p> <p>Scéim Croí Cónaithe tugtha isteach go déanach in 2022 – tá sé sin le bainistiú agus eiseofar deontais in 2024 de réir mar a gheofar iarratais</p>	<p>Líon na n-iarratas ar Dheontais a ndearnadh iarratas orthu/agus ceadaithe freisin.</p> <p>Líon na n-iarratas ar Dheontas atá á n-íoc ina gcoinne.</p>
Scéim Péinteála	Tairgeann an scéim deontas 50% faoi réir uasmhéid de €500 i dtreo an chostais a bhaineann le feabhsú aghaidh an tsiopa/an tí – go príomha i bhfoirgnimh thréigthe / fholmha.	Líon na nDeontas eisithe.
Riarachán Lár Bailte ar dTús	Plean Lár Bailte ar dTús a ullmhú féachaint chuig bailte ar fud Luimnigh a athbheochan, i gcomhréir le Beartas Rialtais, i gcomhairle le pobail áitiúla.	Seachadadh Pleananna Lár Bailte ar dTús.
Riarachán Sruthanna Maoinithe Tuaithe	Scéimeanna Deontais chun bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe ar fud Luimnigh a athbheochan	<p>Líon na n-iarratas a ceadaíodh do na scéimeanna seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> - Cistiú Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe; - Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte; - Scéim um Bonneagar Áineasa Faoin Aer - Clár CLÁR.
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh (CFPÁ)	Tacú le feidhmeanna cinnteoireachta CFPÁ maidir le CCSGP, LEADER agus cláir eile ó thaobh	Déanann an CFPÁ a ról maoirseachta go héifeachtach trí CCSGP agus LEADER agus cláir deontas eile (e.g., CEP).

	<p>forbairt pobail.</p> <p>Tacú lena ról straitéiseach ó thaobh cur chuige níos comhordaithe a thabhairt d'fhorbairt pobail áitiúil</p>	<p>Soláthraíonn an CFPÁ comhar feabhsaithe idir gníomhaireachtaí agus comhordú i bpleanáil agus i seachadadh clár forbartha pobail i bpobail áitiúla.</p>
<p>Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP)</p>	<p>Tacú leis an CFPÁ ina mhaoirseacht agus a bhainistiú conartha ar CCSGP</p> <p>A chinntiú go mbaintear amach spriocanna fisiceacha agus airgeadais i seachadadh an chláir agus go dtugtar tacaíocht do na daoine aonair, na grúpaí agus na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste.</p>	<p>Tá tosaíochtaí CCSGP arna gcomhaontú ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil curtha i bhfeidhm go hiomlán.</p> <p>Sroichtear go héifeachtach na grúpaí agus na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste.</p> <p>Baintear amach Príomhtháscairí Feidhmíochta (PFanna) laistigh de na paraiméadair chostais go léir a leagtar síos.</p> <p>Tacaíochtaí breise CCSGP d'Úcránaigh le comhaontú agus seachadadh.</p>
<p>Straitéis Forbartha Áitiúil/Forbairt Tuaithe LEADER</p>	<p>Tacú leis an CFPÁ ina mhaoirseacht agus ina sheachadadh ar LEADER, má éiríonn le togra 2023-2028, agus clár phobail eile i bhforbairt tuaithe</p>	<p>Bunaithe ar thoradh mheasúnú LDS/LEADER 2023-2028 Luimnigh, a chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm do sheachadadh LEADER i Luimneach Thoir agus Thiar.</p> <p>Riar agus cuir i gcrích tarraingtí anuas de thionscadail LEADER 2016-2020 roimhe seo agus de chláir clabhsúir.</p> <p>Seiceálacha Iniúchta Airteagal 48 an AE a chríochnú.</p>
<p>Cláir Deontais Pobail Eile</p>	<p>Obair le comhpháirtithe agus pobail áitiúla chun tionscadail a ghiniúint/iarratais a ullmhú don RFTP agus do chláir eile deontais pobail Roinne (e.g., Ciste Infheistíochta d'Ionaid Phobail)</p>	<p>Líon na dTionscadal a cuireadh isteach.</p> <p>Líon na dTionscadal & maoiniú ceadaithe.</p> <p>Tarraingt anuas maoinithe.</p> <p>Tionscadail chríochnaithe.</p>

Tacaíochtaí Imeasctha	<p>Straitéis Imeasctha nua a fhorbairt</p> <p>An Fhoireann Imeasctha Údaráis Áitiúil a bhunú i gcomhréir le Beartas Rialtais.</p> <p>Forbairt Fóraim Imirceach a éascú.</p> <p>Comhordú Tacaíochtaí d'Úcránaigh a éascú.</p>	<p>Straitéis Críochnaithe.</p> <p>Foireann Imeasctha curtha ar bun - R1.</p> <p>Fóram Imirceach i bhfeidhm.</p> <p>Líon cruinnithe den Fhóram Úcránach a tionóladh.</p> <p>Deiseanna a uasmhéadú chun tacaíochtaí/cistiú a sholáthar ar bhealach a sholáthraíonn luach ar airgead agus a thugann aghaidh ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn.</p>
Clár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta	Maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh an Chláir agus na Straitéise Aoisbhá	<p>Cruinnithe struchtúr clár Aoisbhá – Comhaontas, Comhairle Daoine Breacaosta</p> <p>Líon na dtionscnamh seachadta.</p> <p>Líon na dtairbhithé.</p>
Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)	<p>Tacú le feidhmiú éifeachtach an LRP i gcomhréir lena ról maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar leasanna sonracha, ag tabhairt ghuth na hearnála deonaí/pobail agus rannpháirtíocht níos leithne sa chinnteoireacht</p> <p>Tacú le forbairt acmhainní grúpaí pobail agus deonacha i gcomhar leis an LRP</p>	<p>Clár Oibre Rúnaíochta LRP forbartha agus á chur i bhfeidhm.</p> <p>Ionadaithe LRP ar choistí ábhartha agus struchtúir eile.</p>
Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP)	Ghlac an Chomhairle le Creatphlean PÁEP 2023-2028 tar éis ionchur ó CFPÁ/CBS, MA/CBanna agus	Tacaíocht a thabhairt do Ghrúpa Comhairleach an CFPÁ agus an CBS sa phróiseas chun Creatphlean PÁEP a fhaomhadh.

	<p>ÚA (CFPÁ and CBS Eacnamaíoch</p> <p>Plean Forfheidhmithe a ullmhú don PÁEP (2023-2025)</p>	<p>Cuir i láthair agus faigh ionchur don Chreatphlean CFPÁ ó MA/CBanna agus ón Tionól Réigiúnach (R1 2024).</p> <p>Creatphlean CFPÁ chuig an gComhairle iomlán le faomhadh i R2.</p> <p>Plean Forfheidhmithe 2023-2025 a fhorbairt bunaithe ar ionchur ó Sheirbhísí eile na Comhairle agus ó phríomhghníomhaireachtaí comhpháirtíochta.</p>
Cláir Sláinte agus Folláine	Leanúint ar aghaidh le rolladh amach na gClár Éire Shláintiúil agus Pobail Shláintiúla.	<p>Líon na bhfeachtas a forbraíodh.</p> <p>Líon na dtionscadal tacaíthe.</p> <p>Líon na dtionscadal maoinithe.</p>
Plean Straitéiseach Foghlama Luimnigh 2018-2022	<p>Leanúint ar aghaidh ag tacú le rolladh amach Phlean Straitéiseach ag Foghlaim Luimneach i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha, ag tógáil ar Dhámhachtain Chathair Fhoghlama UNESCO. Plean straitéiseach nua le seoladh i 2024</p> <p>Tacaíonn le haghaidh foghlama cuimsitheach agus rannpháirtíocht san fhoghlaim dóibh siúd leis an oideachas is ísle.</p>	<p>Méadú ar rannpháirtíocht soláthraithe foghlama agus foghlaimeoirí aonair i bhFéile bhliantúil Foghlama ar feadh an tSaoil Luimnigh.</p> <p>Fianaise ar chomhoibriú idirghníomhaireachta i gcomhpháirtíocht foghlama agus tionscnaimh chun deiseanna foghlama a fheabhsú do gach duine.</p> <p>Leanúint leis an tionscnamh an oileáin chomhroinnte idir Luimneach, Doire, Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Corcaigh.</p>
Na hEalaíona	<p>Cumas ealaíon agus cultúrtha Luimnigh a mhéadú trí chleachtóirí cruthaitheacha a choinneáil agus a mhealladh chun cónaí agus oibriú i Luimneach</p> <p>Tacaíocht a thabhairt do chomhghrúpaí nuálacha agus cruthaitheacha i Luimneach agus iad a fhás</p>	<p>Líon agus raon na nglanna oscailte ar sparánachtaí/dámhachtainí/ciste straitéiseach a chothabháil agus/nó a fheabhsú.</p> <p>Líon deiseanna d'ealaíontóirí leas a bhaint as forbairt ghairmiúil agus deiseanna líonra.</p>

Na hEalaíona	A bheith ina lárionad do thaighde gníomhach agus do réiteach fadhbanna sa Chultúr a mbeidh Tábhacht áitiúil, náisiúnta agus Eorpach ag baint leis Ról na dTionscal Cruthaitheach i Luimneach a mhéadú agus tacú leis	Líonraí comhoibríthe a thógáil agus a neartú chun deiseanna cultúrtha a fhorbairt trí fheidhmchláir na hEorpa Cruthaitheachta, Éire Chruthaitheach agus na Comhairle Ealaíon. Struchtúir thacaíochta ceaptha chun cultúr áitiúil láidir agus inbhuanaithe agus tionscal cruthaitheach a fhorbairt.
Na hEalaíona	Na healaíona agus an cultúr a chur i gcroílár fhás eacnamaíoch agus athghiniúint Luimnigh	Tacú le branda cultúrtha do Luimneach mar cheann scríbe cultúrtha spreagúil. Leanúint ar aghaidh ag tacú le fás na bpríomheagraíochtaí cultúrtha. An punann mhaoine cultúrtha a bhainistiú, an bonneagar reatha a chothabháil agus a fheabhsú agus tacú le forbairt agus feabhsú áiseanna.
Na hEalaíona	Samplaí iolracha de shamhlaíocht, nuálaíocht agus lánpháirtíú a chur chun cinn i Luimneach agus úsáid a bhaint as cur chuige cruthaitheach chun cabhrú le saoránaigh agus cuairteoirí Luimneach a athshamlú	Líon na n-imeachtaí cultúrtha ardchaighdeáin a dtacaítear leo trí chomhpháirtíochtaí níos fearr, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus tionscnaimh deonacha.
Na hEalaíona	Saoránaigh a mhealladh trí rannpháirtíocht sa chultúr	Tionscadail chomhoibrítheacha trasphobail dea-fhorbartha a aithníonn taithí, saineolas agus éagsúlacht cleachtóirí cruthaitheacha áitiúla, pobail agus comhpháirtithe eile.
Na hEalaíona	Straitéis Chultúir agus Cruthaitheachta a sheachadadh	An Straitéis Chultúir agus Cruthaitheachta a sheachadadh leis an bhfoireann Chultúir agus Cruthaitheachta i gcomhpháirtíocht. Maoiniú do Luimneach a ghairáil trí iarratais Éire Chruthaitheach a sheachadtar i gcomhpháirtíocht.
Na hEalaíona	Ealaíne Poiblí	Beartas Ealaíne Poiblí a sheachadadh.

<p>An tSeirbhís Leabharlainne</p>	<p>Cuspóirí beartais na Straitéise Náisiúnta um Leabharlanna Poiblí 2023-2027 a chur i bhfeidhm - <i>Is í an Leabharlann an Áit: Faisnéis, Caitheamh Aimsire, Inspioráid</i></p> <p>Plean Forbartha Leabharlainne 2021-2025 a chur i bhfeidhm</p>	<p>Seachadadh gníomhartha faoin Straitéis Náisiúnta nua.</p> <p>Seachadadh Gníomhartha sa Phlean Forbartha Leabharlainne.</p>
<p>An tSeirbhís Leabharlainne</p> <p>An tSeirbhís Leabharlainne</p>	<p>Ábhar ar líne a chruthú agus a fhorbairt agus rochtain ar acmhainní ar líne a fheabhsú</p> <p>Naisc agus comhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt tuilleadh le gníomhaireachtaí inmheánacha/seachtracha. Tacaíocht a thabhairt do ról Leabharlanna mar ionad pobail, cultúrtha, oideachais, faisnéise agus foghlama atá cuimsitheach go sóisialta</p>	<p>Rochtain ábhar leabharlainne ar líne a fheabhsú agus an tairiscint a leathnú, lena n-áirítear seoladh an tsuímh Ghréasáin Staidéir Áitiúil nua agus tabhairt isteach aipeanna scannáin agus ceoil ar líne.</p> <p>Clár a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.</p>
<p>An tSeirbhís Leabharlainne</p>	<p>Pleananna don Leabharlann Chathrach nua ar shuíomh Opera a chur chun cinn</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag cur chun cinn clár imeachtaí cultúrtha, pobail agus leanaí</p>	<p>Céim 3 a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne.</p> <p>Clár imeachtaí spriocdhírthe a eagrú, a sheachadadh agus a chur chun cinn, ag comhoibriú le agus ag tacú le clár agus tionscnaimh náisiúnta/áitiúla a sheachadtar thar líonra brainse leabharlainne agus ardáin ar líne.</p>
<p>Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh (DECL)</p>	<p>Leanúint le clár taispeántais agus imeachtaí ardchaighdeáin a sholáthar. Leanúint ar aghaidh agus</p>	<p>Tuilleadh forbartha ar naisc le pobail agus le hinstiúidí ealaíne áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.</p>

<p>Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh (DECL)</p>	<p>naisc a fhorbairt leis na pobail agus le hinstitiúidí ealaíne áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.</p> <p>Plean forfheidhmithe a fhoilsiú agus a ullmhú bunaithe ar Phlean Straitéiseach DECL 2020-2025</p> <p>Clár Foghlama agus Rannpháirtíochta Poiblí a fhorbairt agus leanúint ar aghaidh leis.</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag cur le láithreachta DECL ar líne le comhtháthú laistigh de shuíomh Gréasáin an CCCL, Limerick.ie</p> <p>Clár digitithe a fhorbairt, ag catalógú an Bhailiúcháin Bhuan</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag lorg láithreachta fhíorúil ar líne chomh maith le heispéiris “beo” sa Ghailearaí</p>	<p>Cur i bhfeidhm ar Phlean Straitéiseach DECL 2020-2025</p> <p>Scoláire Shinnors i bhfeidhm agus anois ag obair i gcomhar le bunscoileanna áitiúla chun clár Foghlama agus Rannpháirtíochta Poiblí a sheachadadh.</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe i dTFC agus ar shuíomh Gréasáin an CCCL chun suíomh Gréasáin an DECL a chur ar Limerick.ie.</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag bailiú an eolais a theastaíonn don chatalóg faoi na Bailiúcháin Bhuana ag DECL.</p> <p>Tá DECL chun leanúint ar aghaidh lena chur ar chumas taispeántais a fheiceáil ar líne trí rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta.</p>
<p>Músaem</p>	<p>Straitéis nua a tháirgeadh agus a chur i bhfeidhm do Mhúsaem Luimnigh</p> <p>Feabhsaigh an suíomh Gréasáin agus forbair ardáin ar líne lena chinntiú go bhfuil rochtain ar líne ar Mhúsaem Luimnigh</p>	<p>Straitéis nua le foilsiú, plean forfheidhmithe i bhfeidhm agus tús le próiseas forfheidhmithe.</p> <p>Forbairt ar shuíomh Gréasáin an Mhúsaem.</p>

	<p>Tús a chur le dul chun cinn Mhúsaem Luimnigh tríd an bpróiseas Clár Caighdeán Músaem na hÉireann (MSPI)</p> <p>Acmhainneacht Mhúsaem Luimnigh a fhorbairt níos faide</p>	<p>Críochnaigh na céimeanna tosaigh sa phróiseas MSPI.</p> <p>Próifíl Mhúsaem Luimnigh a neartú agus a ardú trí mheáin shóisialta agus eile, forbairt clár cuimsitheach imeachtaí agus breisiú ar uaireanta oscailte poiblí.</p>
--	---	--

An Stiúrthóireacht Athghiniúna Spóirt agus Áineasa

Is í aidhm iomlán Athghiniúna Luimnigh ná pobail shábháilte agus inbhuanaithe a chumasú trí cháilíocht na beatha a fheabhsú agus cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch níos fearr a chur chun cinn i gceantair ainmnithe athghiniúna Mhaigh Rois, Páirc Mhuire, Cnoc Theas, agus Baile na Cora Weston. Tacaítear leis an aidhm seo trí Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh a chur i bhfeidhm.

Is é an cuspóir i dtéarmaí Spóirt agus Áineasa ná tacú le gníomhaíochtaí spóirt ár saoránach mar aon le forbairt inbhuanaithe agus cothabháil áiseanna spóirt i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh, Comhlachtaí Náisiúnta/Réigiúnach/Áitiúla Spóirt, Clubanna, grúpaí Pobail agus comhlachtaí eile ar fud na cathrach agus an chontae ar fad.

Cur Síos ar Straitéis Tacaíochta	Sprioc Straitéiseach Chorpharáideach
Leanúint de Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le pobail agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta.	Sprioc 1
Oibriú lena chinntiú go leanann na ceantair athghiniúna ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn in athghiniúint shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiciúil na n-eastáit spriocdhírthe mar atá leagtha amach i bPlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh.	Sprioc 7
Oibriú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe i ngníomhaireachtaí poiblí, san earnáil pobail agus dheonach agus gnólachtaí áitiúla chun deiseanna fostaíochta agus oiliúna áitiúla a uasmhéadú sna réimsí sin ina bhfuil dífhostaíocht fhadtéarmach agus neamhghníomhaíocht eacnamaíoch go leanúnach.	Sprioc 2
Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn agus tacú leo lena n-áirítear conláistí áineasa, spóirt agus cultúir do dhaoine agus do phobail sa Chathair agus sa Chontae ionas gur féidir linn rochtain a uasmhéadú ar na háiseanna sin do dhaoine i Luimneach agus éifeachtúlacht maidir le soláthar a bhaint amach.	Sprioc 5

Leanúint ar aghaidh ag obair leis an mbealach Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh chun rannpháirtíocht grúpaí íseal-rannpháirtíochta agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste sóisialta i ngníomhaíocht fhisiciúil agus spórt a mhéadú.	Sprioc 5
---	----------

Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid reatha* ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2024 d’fhonn na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

Seirbhís phríomha/ Bhuiséid	Sainmhíniú Seirbhíse	Iomlán €
A06	Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta.	700,500
E05	Bainistiú Bruscair	10,000
F01	Feidhmiú Áiseanna Fóillíochta	555,250
F04	Forbairt Spóirt agus Caithimh Aimsire Pobail	162,268
Iomlán		1,428,018

*Tacaíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mór le hAthbheochan Luimnigh agus léirítear é seo i gClár Caipitil na Comhairle.

Cuspóirí Príomhsheirbhíse -

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí seachadta seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sheachadfar le linn 2024:

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Athnuachan Luimnigh	Feabhsuithe agus infheistíocht Infreastruchtúir Fhisiciúil a sheachadadh agus tacú leo laistigh de na limistéir Athghiniúna ainmnithe	<p>Líon na n-aonad tithíochta nua pleanáilte agus/nó tógtha</p> <p>Líon na n-aonad tithíochta athchóirithe pleanáilte agus/nó críochnaithe</p> <p>Líon na bhfeabhsuithe san fhearann poiblí pleanáilte agus/nó críochnaithe</p> <p>Líon an dtionscnamh bonneagair nua lena n-áirítear pleanáilte agus/nó críochnaithe ag an bpobal</p> <p>Líon na seirbhísí/gnóthais nua a osclaíodh nó a athchóiríodh</p>
	Athghiniúint shóisialta a sheachadadh laistigh de na limistéir Athghiniúna ainmnithe agus tacú leo	<p>Líon imeachtaí pobail pleanáilte agus/nó críochnaithe</p> <p>Méadú céatadánach ar ghnóthachtáil oideachais</p> <p>Laghdú céatadánach ar choireacht</p>
	Athghiniúint eacnamaíoch a sheachadadh agus a thacú	Líon na socrúcháin isteach i bhfostaíocht nó oiliúint ón tionscnamh for-rochtana go fostaíocht

<p>Áiseanna spóirt agus áineasa i bpobail áitiúla</p>	<p>Plean Áitiúil Spóirt a fhorbairt i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh</p> <p>Saoráidí Spóirt nua agus feabhsaithe a phleanáil agus a fhorbairt go díreach agus go hindíreach i gcomhar le Grúpaí Spóirt agus Pobail Bainistiú áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt.</p>	<p>Plean ullmhaithe agus glactha</p> <p>Líon na n-áiseanna nua/feabhsaithe pleanáilte agus/nó forbartha.</p>
<p>Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh</p>	<p>Tús eolais dearfach a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ar ghníomhaíocht choirp a chothaíonn agus a thacaíonn le rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil</p>	<p>Líon na gClár agus an dTionscnamh</p>
	<p>Acmhainn a thógáil i bpobail chun méaduithe marthanacha i leibhéil ghníomhaíochta coirp a éascú, rud a chuirfidh le folláine agus cáilíocht na beatha feabhsaithe</p>	<p>Líon na gCeannairí agus an dTionscnamh Oilte</p>
	<p>Tacaíocht a thabhairt do chomhionannas deiseanna agus éascú do dhaoine de gach aois agus cumas rochtain a fháil ar ghníomhaíocht choirp ar feadh a saolré.</p>	<p>Líon an dTionscnamh agus na gclár a thacaíonn le pobail faoi mhíbhuntáiste agus le grúpaí pobail imeallaithe</p>
	<p>Cumas comhcheangailte soláthraithe gníomhaíochta coirp agus príomhpháirtithe leasmhara a fhorbairt chun Luimneach a thabhairt ghníomhach le chéile.</p>	<p>Ag Obair i gComhpháirtíocht Tacú le CCCL an Plean Áitiúil Spóirt a chruthú mar a shaináithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus Straitéis LSP do 2024-2028 a sheoladh</p>

	Na comhpháirteanna oideachais go léir a sheachadadh a chinntíonn go gcoimeádtar “dea-chleachtas” trí ghrúpaí pobail, eagraíochtaí óige agus clubanna spóirt.	Líon na gcúrsaí agus oiliúnóirí agus ceannairí cáilithe.
	Moil Spóirt Pobail a chruthú agus a chothú i gCromadh, Maigh Rois, Áth Longfoirt agus Garraí Eoin ag obair le comhpháirtithe chun spóirt agus gníomhaíochtaí fisiceacha a chur chun cinn.	Tionchar na Mol ar an bpobal trí thionscnaimh, cláir agus deiseanna oideachais. Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht Mol Spóirt pobail bhreise i gContae Luimnigh
	An Plean Gníomhaíochta a forbraíodh chun Luimneach a bhunú mar “Chathair Ghníomhach” a chur i bhfeidhm le tacaíocht ó Spóirt Éireann agus cuntais Dhíomhaoinne.	Seoladh Cathracha Gníomhacha go háitiúil Forbairt caipitil a chur chun cinn faoin bplean infheistíochta caipitil do Chathracha Gníomhacha. Gach áis a chruthaítear faoin tionscadal Chathracha Gníomhacha a ghníomhachtú
	Sruthanna maoinithe a sheachadadh trí dheontais a chuideoidh le heagraíochtaí pobail, clubanna spóirt, grúpaí óige agus grúpaí deonacha filleadh ar spóirt agus ar ghníomhaíocht choirp.	Tacú le Spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil ar fud na bpobal go léir.
	Cláir nua a fhaigheann tacaíocht faoin nGníomhaíocht Fhisiciúil um Shláinte agus um Nuálaíocht Shóisialta don Spóirt a chur chun cinn.	Cláir agus comhpháirtíochtaí nua a thacaíonn leo siúd a bhfuil riochtaí ainsealacha sláinte orthu agus leo siúd ó phobail imeallaithe.
	Sreabha maoinithe nua agus reatha a fhiosrú chun tacú le foireann agus tionscnaimh bhreise.	Iarratais ar mhaoiniú agus tairiscintí ábhartha a chomhlánú.

An Stiúrthóireacht Tithíochta

Foilsíodh ‘Tithíocht do Chách- Plean Nua Tithíochta d’Éirinn’ i Meán Fómhair 2021 agus is é Plean Tithíochta an Rialtais go dtí 2030 é. Is plean ilbhliantúil, ilbhiliún euro é, a fheabhsóidh Córas Tithíochta na hÉireann agus a sholáthróidh níos mó tithe de gach cineál do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu.

Tá ceithre bhealach ag an bpolasaí chun tithíocht a bhaint amach do chách:

- **Conair 1** - Ag Tacú le hÚinéireacht Tí agus Inacmhainneacht a Mhéadú
- **Conair 2** - Díothú Easpa Dídine, Seachadadh Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus Tacú le hUilechuimsitheacht Shóisialta.
- **Conair 3** – Soláthar Nua Tithíochta a Mhéadú
- **Conair 4** - Aghaidh a thabhairt ar Fholúntas agus Úsáid Éifeachtach an Stoic Reatha.

Tá gníomhartha le déanamh ag Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus eile sna conairí. Is trí na gníomhartha comhordaithe seo a bhfuil sé mar aidhm ag an Rialtas córas tithíochta inbhuanaithe a fhorbairt.

Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh –

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh a threoraíonn socrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse don Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta leagtha amach thíos:-

Cur Síos ar Straitéis Tacaíochta	Spríoc Straitéiseach Chorparáideach
Leanúint de Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le pobail agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta.	Spríoc 1
Deiseanna a chur chun cinn chun forbairt samhlacha nua tithíochta a chumasú do ghrúpaí sonracha lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, tithíocht oiriúnaithe, tithe ar cíos ar chostas, agus tithe cliste aosaithe agus cóiríocht shonrach don Lucht Siúil.	Spríoc 3
Tacú le gníomhachtú talún poiblí agus oibriú le gníomhaireachtaí stáit eile chun bonneagar tacaíochta a sheachadadh, soláthar tithe sóisialta agus inacmhainne a mhéadú agus úsáid chuí talún faoi úinéireacht phoiblí a uasmhéadú.	Spríoc 3
Tithe inbhuanaithe ardchaighdeán a sholáthar dár saoránaigh agus oibriú le príomhchomhoibrithe lena n-áirítear Earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun seachadadh faoi Atógáil na hÉireann– Plean	Spríoc 3

Gníomhaíochta do Thithíocht agus Easpa Dídine lena n-áirítear athúsáid oiriúnaitheach na bhfoirgneamh atá folamh faoi láthair.	
Obair chun cinntiú go leanfar den dul chun cinn na limistéir athghiniúna ó thaobh athghiniúint shóisialta, gheilleagrach agus fhisiciúil na n-eastát spriocdhírthe mar a leagtar amach sa Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh.	Sprioc 7

Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2024 d'fhonn na seirbhísí sin a mhaoiniú:

Seirbhís phríomha/ Bhuiséid	Sainmhíniú Seirbhíse	Iomlán €
A01	Cothabháil/Feabhsú ar Aonaid Tithíochta ÚÁ	12,936,282
A02	Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	1,016,826
A03	Riar Chíosanna Tithíochta agus Cheannach Tionónta	1,117,303
A04	Tacaíocht um Forbairt Pobail Tithíochta	698,072
A05	Riar na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean	10,834,918
A06	Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta.	3,136,260
A07	SCC agus Clár Léasaithe	26,666,687
A09	Deontais Tithíochta	1,050,531
A11	Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitimh	2,046,100
A12	Clár ÍCT	663,920
B04	Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú	25,000
D06	Feidhm Pobail agus Fiontair	7,250
Iomlán		60,199,150

Spriocanna Príomhsheirbhíse -

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí seachadta seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthróidh Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh le linn 2024:-

Príomhsheirbhísí	Cuspóir	Caighdeán Feidhmíochta
Cothabháil/Feabhsú ar Aonaid Tithíochta ÚÁ	Cothabháil Ginearálta ar an stoc tithíochta agus tabhairt ar ais aonad.	Clár cothabhála ginearálta bunaithe ar éileamh a sheachadadh laistigh den bhuiséad agus ag teacht le Lámhleabhar na dTionóntaí agus na hamanna freagartha.
	Folúntais ócáideacha a thabhairt ar ais sa stoc tithíochta.	Aonaid fholmha a thabhairt ar ais chuig na caighdeán réamhligin ar bhealach costéifeachtach, tráthúil agus comhlíontach. Líon na nAonad
	Cothabháil Pleanáilte	Uasghrádaithe cothabhála pleanáilte a sheachadadh laistigh den bhuiséad de réir clár comhaontaithe oibreacha. Tús le clár cothabhála coirí gáis bhliantúil de réir riachtanas reachtúil agus clár comhaontaithe oibreacha. Líon na n-áitreabh a ndearnadh suirbhé orthu.
	Éifeachtúlacht Fuinnimh	Torthaí Éifeachtúlachta Fuinnimh a sheachadadh chuig aonaid laistigh den bhuiséad de réir an chláir oibreacha comhaontaithe. Líon na dtithe a tugadh ar ais.
	Athchóiriú ar Mhaoín Fhaighte an ÚA (Fógraí Fágála)	Athchóiriú ar Mhaoín Fhaighte an ÚA (Fógraí Fágála) agus éileamh na Roinne ina dhiaidh sin a chríochnú laistigh den amlíne shé mhí ó dháta na fála.
	Cur i bhfeidhm Scéim Deontais na mBloc Coincréite Lochtacha do thithe i gContae Luimnigh.	Riaradh leanúnach ar Scéim Deontais na mBloc Coincréite Lochtacha do thithe príobháideacha incháilithe i gContae Luimnigh laistigh de na hamlínte comhaontaithe mar atá leagtha amach ag an Roinn. Oibriú le RTRAO chun aghaidh a thabhairt ar fheabhsúcháin réadmhaoine an ÚÁ a bhfuil tionchar ag bloic choincréiteacha lochtacha orthu san idirlinn. Scéim deontas a chur i bhfeidhm agus a riaradh le haghaidh réadmhaoine a mbaineann an tÚdarás leo a luaithe a bhíonn sí ar fáil.

<p>Soláthar Tithíochta Sóisialta</p>	<p>Tógáil sprioc de 513 aonad in 2024</p> <p>Gach soláthar tithíochta sóisialta a uasmhéadú faoi na sruthanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> + Tógáil CAS + Tógáil SHIP + Tógáil CAS agus Lándéanta + Tógáil CALF + Lándéanta SHIP le forbróirí príobháideacha agus Tógálaithe + Lándéanta CALF + Éadálacha a Cheannach agus a Athnuachan + Éadálacha SHIP + Ceannachán CAS + Éadálacha CALF + Éadálacha Lucht Siúil + SHIP Athnuachan + Sonrach don Lucht Siúil + Maoine a Fhaightear go hÉigeantach + Athnuachan CAS + Athnuachan + Tar-rolladh Léas Fadtéarmach + Comhaontú Infhaighteachta Cíosa + Léasú Gearrthéarmach (téarma níos giorra ná LLL) - maoinithe trí SCHEP + Deisiú agus Léasú + Morgáiste go Cíos + Cuid V + Scéim um Cheartas Príobháideach + Scéim Nua Cheannaigh Incrimintigh Tógála 	<p>Spriocanna na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a sheachadadh</p>
--------------------------------------	---	---

Seachadadh Tithíochta Inacmhainne	Ceannach Inacmhainne agus Costas Cíos na nÚdarás Áitiúil sprioc seachadta i 2024 ná 68 aonad	Spriocanna na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a sheachadadh
Cóiríocht do Dhaoine den Lucht Siúil	Cothabháil ghinearálta ar láithreáin stad. An clár oibreacha caipitil a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach sa Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil.	Clár cothabhála ginearálta a sheachadadh laistigh den bhuiséad agus comhsheasmhach leis an gCreat Conraitheoir Airíoch. Clár oibreacha caipitil 2024 a fhorbairt agus dul chun cinn de réir an sceidil.
Riar na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean	Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a sholáthar dóibh siúd a thuairiscíonn mar Dhaoine gan Dídean agus dóibh siúd atá i mbaol a bheith gan Dídean	Leathnú leanúnach ar an tSamhail Tithíocht ar Thús mar bhealach chun tithe a fháil do dhaoine atá ag baint úsáide as Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean agus leanúint le hobair réamhghníomhach na seirbhísí Aimsitheora Áite mar aon le cineálacha eile seirbhísí coiscithe chun stop a chur leis an ngá le dul isteach i seirbhísí do dhaoine gan dídean. Mar thosaíocht, gach cuspóir ó Phlean Gníomhaíochta an Mheán-Iarthair do Dhaoine gan Dídean 2022-2025 a chur i bhfeidhm
Measúnú Tithíochta Leithdháileadh agus Aistriú Tacaíochtaí Leasa Tithíochta	Éascú a dhéanamh ar iarratasóirí tithíochta rochtain a fháil ar sheirbhísí de réir na gcritéar iarratais. Iarratasóirí ar Thithíocht Shóisialta a leithdháileadh agus a ainmiú de réir Scéim Leithdháilte Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2021. Tionóntaí nó Iarratasóirí Tithíochta a Mheas	Leanúint le rochtain a fháil ar iarratais tithíochta laistigh den fhráma ama leithdháilte. SSHA 2024 le comhlánú ar iarratasóirí tithíochta ábhartha. Líon tithe Údaráis Áitiúil leithdháilte. Líon na n-ainmniúchán do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. Líon na n-atreoraithe Leasa Tithíochta trí CRM

Riar Chíosanna Tithíochta agus Cheannach Tionónta	Uasmhéadú a dhéanamh ar bhailiú na muirear atá dlite trí chumarsáid rialta lenár dtionóntaí. An Scéim Ceannaigh Incrimintigh Tionónta 2016 a riar de réir rialachán agus treoirlínte	Céatadán an Chíosa Tithíochta a Bailíodh. Líon na n-aonad a ceannaíodh faoin Scéim um Cheannach Incriminteach um Cheannach ag Tionóntaí 2016
Tacaíocht um Forbairt Pobail Tithíochta	Cur i bhfeidhm polasaithe Bainistíochta Eastát i dtéarmaí tacaíochtaí agus chun déileáil le ceisteanna imní a tuairiscíodh.	Teagmháil réamhghníomhach le pobail agus gach gníomh riachtanach a ghlacadh chun déileáil le saincheisteanna imní a tuairiscíodh.
Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta	Úsáid táirgiúil a bhaint as aonaid fholmha fhadtéarmacha.	Líon na n-aonad a tugadh ar ais trí athchóiriú agus laistigh den bhuiséad.
Deontais Tithíochta	Tithíocht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta i gcomhréir leis an maoiniú leithdháilte.	Leibhéal caiteachais a choinneáil laistigh de leithdháileadh deontais.
Iasachtaí Tithíochta	Scéimeanna Iasachta Tithíochta a riar agus a bhainistiú de réir rialacháin agus treoirlínte	Líon na n-iasachtaí a deonaíodh
Imscrúduithe na hEanála Cíos Príobháidí	Clár iniúchtaí a dhéanamh ar réadmhaoine ar cíos go príobháideach chun comhlíonadh na gcaighdeán íosta mar atá leagtha amach i Rialacháin na dTithe (Caighdeán do Thithe ar Cíos) 2021 a chinntiú	Líon na gcigireachtaí a rinneadh. Céatadán na gcigireachtaí a rinne CCCL in aghaidh na sprice náisiúnta.
Clár ÍCT	Scéimeanna a riar i gcomhréir le rialacháin agus treoirlínte	Spriocanna na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a bhaint amach.
SCC agus Clár Léasaithe	Scéimeanna a riar i gcomhréir le rialacháin agus treoirlínte	Spriocanna na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a bhaint amach.
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh	Íocaíochtaí réigiúnacha do dhaoine gan dídean a phróiseáil go tráthúil	Gach íocaíocht próiseáilte mar is cuí

An Stiúrthóireacht um Iompar agus Soghluaisteacht

Tá ról ríthábhachtach ag an Stiúrthóireacht Iompair agus Soghluaisteachta i seachadadh an bhonneagair iompair do Chathair agus do Chontae Luimnigh. Tá an Stiúrthóireacht i gceannas ar bhonneagar iompair ardchaighdeáin a fhorbairt do Luimneach, cothabháil laethúil an ghréasáin bóithre agus forbairt roghanna taistil inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin tá ról mór aici i maolú ar an athrú aeráide. Tá an Stiúrthóireacht um Iompar agus Soghluaisteacht freagrach as beartas agus straitéis agus tacaíonn agus riarann sí an CPS Taistil agus Iompair. Tá an príomhról ag an Stiúrthóireacht maidir le tosaíocht agus maoiniú gach mórthionscadal fisiceach agus bonneagair a bhaineann le bóithre agus scéimeanna Taistil inbhuanaithe. Ionchorpraíonn an Stiúrthóireacht freisin Oifig Dhearaidh Bóithre Náisiúnta an Mheán-Iarthair (MWNDRDO), atá freagrach as mórthionscadail bhonneagair a sheachadadh lena n-áirítear Scéim an Bhóthair N/M20 Corcaigh go Luimneach agus Bóthar Fhainge-Luimneach (lena n-áirítear seachbhóthar Áth Dara). Bainistíonn an MWNDRDO Glasbhealaí Luimnigh thar ceann BIÉ agus cloíonn sé le treoirlínte agus cóid chaiteachais BIÉ.

Oibríonn an Stiúrthóireacht go dlúth freisin le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus leis an Roinn Iompair (DoT).

Críochnaíodh Straitéis Iompair Ceantar Cathrach Luimnigh na Sionainne (LSMATS) i mí na Nollag 2022 agus leagann sí amach an creat do sheachadadh an chórais iompair a theastaíonn chun forbairt Cheantar Uirbeach Luimnigh na Sionainne a chur chun cinn mar mhol forbartha cultúrtha agus sóisialta agus athghiniúna mar an croí eacnamaíoch don Iarthar Láir; mar aonad cathrach aontaithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; mar áit inar féidir le daoine ar gach aois a bheith ag taisteal go héasca agus go sábháilte; agus mar áit a tharraingíonn daoine, poist agus gníomhaíocht as gach cearn den tír agus níos faide anonn.

Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh -

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh a threoraíonn socrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil leagtha amach thíos:-

Cur Síos ar Straitéisí Tacaíochta	Sprioc Straitéiseach Chorparáideach
An deis agus an timpeallacht a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uirbeacha d'athbheochan inbhuanaithe, eacnamaíoch, comhshaoil agus shóisialta Luimnigh trí spriocanna agus cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a ailíniú le spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe	Sprioc 1
Bonneagar taistil inbhuanaithe a chomhtháthú le forbairtí nua agus gréasán cliste comhtháite iompair a sheachadadh a fheabhsaíonn nascacht agus úsáid mhéadaithe modhanna taistil inbhuanaithe.	Sprioc 3
A chinntiú go mbeidh pleanáil bhonneagair iompair ailínithe leis na cuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta (Taisteal Níos Cliste, 2009) agus sa doiciméad beartais ina dhiaidh sin.	Sprioc 3
Príomhthionscadail bhonneagair iompair a chur chun cinn thar na cúig bliana amach romhainn lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do mhótarbhealach an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach, Scéim Feabhsúcháin Bóthair Fhainge go Luimneach (lena n-áirítear Seachbhóthar Áth Dara), Scéim Réimse Poiblí Shráid Uí Chonaill agus Bóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh.	Sprioc 3
Cur i bhfeidhm bheartas an Rialtais a chinntiú faoi aistriú na hÉireann go Todhchaí atá Neodrach ó Thaobh Carbóin de faoi 2050 trí ghlacadh le Plean Maolaithe Luimnigh 2030 chun teacht le cur i bhfeidhm Straitéis Oiriúnaithe Luimnigh 2019-2024.	Sprioc 4
Feasacht ar an gcomhshaoil a chur chun cinn agus tacú léi chun timpeallacht shláintiúil mhaireachtála a chinntiú do gach saoránach agus do na glúine atá le teacht.	Sprioc 4

Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2024 d’fhonn na seirbhísí sin a mhaoiniú

Seirbhís phríomha/ Bhuiséid	Sainmhíniú Seirbhíse	Iomlán €
A01	Cothabháil/Feabhsú ar Aonaid Tithíochta ÚÁ	195,346
B01	Bóthar NP - Cothabháil agus Feabhsú	2,362,659
B02	Bóthar NS - Cothabháil agus Feabhsú	882,621
B03	Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú	11,178,288
B04	Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú	24,334,333
B05	Soilsiú Poiblí	2,252,377
B06	Feabhsú Bainistíochta Tráchtá	1,141,457
B07	Sábháilteacht ar Bhóithre Feabhsú Innealtóireachta	629,740
B08	Cur chun cinn Sábháilteachta ar Bhóithre/Oideachas	734,242
B09	Páirceáil Carranna	1,252,616
B10	Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre.	340,745
B11	Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitimh	785,323
D11	Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais	12,000
E01	Feidhmiú agus Iarchúram Líonta Talún	1,205
E05	Bainistiú Bruscair	75,000
E06	Glanadh Sráide	4,579,937
E15	Athrú Aeráide agus Tuilte	655,000
F03	Feidhmiú Limistéar Fóillíochta Amuigh Faoin Spéir	255,028

